# EESC Info

European Economic and Social Committee

A bridge between Europe and organised civil society

January 2025 | GA

Available Languages:

ES BG CS DA EN DE ET FR EL GA HR IT LV LT HU MT NL PL PT FI RO SK SL SV

## EDITORIAL



## Focal ó Uachtarán CESE

**In 2025, tá freagracht chomhroinnte orainn Eoraip níos láidre a thógáil**

Agus sinn ag dul isteach in 2025, tá cuid den phráinn agus den diongbháilteacht le brath i measc Uachtaránacht na Polainne ar Chomhairle an Aontais agus í chun dul i ngleic le dúshláin chasta a bhfuil a rian á bhfágáil acu ar Eoraip an lae inniu agus ar Eoraip an lae amárach. Faoi scáth théama uileghabhálach na slándála, tá gealladh faoi Uachtaránacht na Polainne ceannaireacht a thabhairt dúinn i mbliana, bliain a bheidh ríthábhachtach d'athléimneacht, do chomhtháthú agus do dhul chun cinn an Aontais.

Ag breathnú ar na tosaíochtaí atá leagtha amach ag Uachtaránacht na Polainne, feictear go bhfuil cur chuige cuimsitheach glactha aici i dtaca leis an tslándáil agus na gnéithe iomadúla a ghabhann leis sin. Ó thaobh na slándála inmheánaí de, tá béim á leagan ar theorainneacha a chosaint agus ar an mbréagaisnéis a chomhrac, agus tá sé thar a bheith tábhachtach a bheith ar ár n-aire ar aon bhagairt a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Maidir leis an tslándáil sheachtrach, díreofar ar chumais chosanta a neartú, ar an nuálaíocht a chothú, agus ar iarrachtaí ó thaobh méadú de a bhrostú chun cobhsaíocht a áirithiú inár gcomharsanacht. San am céanna, beidh an tslándáil eacnamaíoch, fuinnimh, bia agus sláinte fós ina cuid lárnach den obair chun neamhspleáchas na hEorpa agus dea-bhail a saoránach a áirithiú.

Anseo i gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE), táimid réidh chun tacú go hiomlán le clár oibre na hUachtaránachta, agus leas á bhaint againn as ár ról uathúil mar ghlór na sochaí sibhialta. Cuirfidh CESE go gníomhach leis an bplé maidir le conas iomaíochas na hEorpa a chosaint agus conas a chinntiú nach bhfágfar aon duine ar lár sna haistrithe atá amach romhainn – bídís digiteach, glas nó eacnamaíoch.

Rud mór eile atá ag tarlú i mbliana ná an athnuachan pholaitiúil, agus Coimisiún Eorpach nuabhunaithe ag cur tús lena shainordú. Tugann sé sin deis nua dúinn creataí beartais a mhúnlú agus tionscnaimh a chur chun feidhme nach gclisfidh ar shaoránaigh na hEorpa. Déanfaidh CESE a chion féin chun tacú leis an gcaibidil nua seo, á chinntiú go gcuirfear dearcthaí na sochaí sibhialta agus na gcomhpháirtithe sóisialta i gcroílár chinnteoireacht an Aontais.

Ag breathnú chun tosaigh dúinn ar 2025, cuimhnímid ar an bhfreagracht chomhroinnte atá orainn Eoraip níos láidre agus níos cuimsithí a thógáil. Coinneoidh CESE air ag labhairt ar son an smachta reachta, na forbartha inbhuanaithe agus an chomhtháthaithe shóisialta, á chinntiú go gcuirfear dearcthaí na sochaí sibhialta san áireamh sna tosaíochtaí ar chlár oibre an Aontais. In éineacht le hUachtaránacht na Polainne, déanfaimid ár ndícheall aghaidh a thabhairt ar dhúshláin phráinneacha ár linne agus bealach a réiteach d'Eoraip atá slán, iomaíoch agus aontaithe do na glúnta atá le teacht.

**Oliver Röpke**

**Uachtarán CESE**

# DIARY DATES

23 Eanáir 2025

**Taispeáint *Flow*, scannán atá san iomaíocht do Ghradam Scannánaíochta Lucht Féachana na hEorpa LUX 2025**

3 Feabhra 2025

**Ceartas sóisialta sa ré dhigiteach**

18 Feabhra 2025

**An Bóthar chuig an gCruinniú Mullaigh Domhanda maidir le Míchumas: Forbairt atá cuimsitheach ó thaobh an mhíchumais de agus an ghníomhaíocht dhaonnúil**

26-27 Feabhra 2025

**Seisiún iomlánach de chuid CESE**




## AOI A THARLA AN BEALACH

**Ní beag an dúshlán atá roimh an Aontas agus aghaidh le tabhairt aige ar chás na Siria tar éis do réimeas Assad teacht chun deiridh agus cothromaíocht le baint amach idir na riachtanais dhaonnúla, an beartas imirce, agus cobhsú agus atógáil na tíre. Tá baol ann go bhfágfaidh an pholaitíocht intíre agus an gearrthéarmachas go dtabharfar tús áite don fhilleadh agus go gcuirfear dlús leis an bpróiseas sin, cé go bhféadfadh cur chuige comhordaithe cothrom ról ríthábhachtach a imirt maidir leis an tSiria a chobhsú agus an fhorbairt fhadtéarmach a chothú, dar le haoi speisialta EESCInfo Alberto-Horst Neidhardt, saineolaí mór le rá de chuid Ionad Beartais na hEorpa.**

*Anailísí Beartais Sinsearach agus Ceann an chláir Eorpaigh um an Éagsúlacht agus an Imirce in Ionad Beartais na hEorpa é* ***Alberto-Horst Neidhardt****. Is le dlíthe agus beartais tearmainn, cearta shaoránaigh an Aontais, an bhréagaisnéis, agus polaitíocht na himirce a bhíonn sé ag plé. Bhain sé PhD amach i nDlí an*

*Aontais ón Institiúid Ollscoile Eorpach. In Ollscoil Chaitliceach Lille, is léachtóir é le beartais imirce agus soghluaisteachta, rialachas Eorpach, agus ceapadh beartas eiticiúil.*



## CÁS NA SIRIA TAR ÉIS DO RÉIMEAS ASSAD TEACHT CHUN DEIRIDH: AN MBEIDH CUR CHUIGE AN AONTAIS I LEITH DAOINE ATÁ AG FILLEADH AR AN TSIRIA INA CHOR CINNIÚNACH I MBEARTAS IMIRCE

**Scríofa ag Alberto-Horst Neidhardt**

Mí tar éis an deireadh a tháinig le riail bhrúidiúil Bashar al-Assad, níl mórán le fáil maidir le freagairt oifigiúil an Aontais ach an fógra maidir le cúnamh a thabharfaidh sé don fhorbairt agus don chobhsaíocht eacnamaíoch. Níl sé soiléir go fóill an gcuirfear deireadh leis na smachtbhannaí ar an tSiria agus cén uair a chuirfear deireadh leo. Beidh tacaíocht na hEorpa ag brath ar chosaintí do mhionlaigh agus ar ráthaíochtaí eile, a bhfuil na hionchais ina leith fós éiginnte. Le dinimic chasta pholaitiúil, slándála agus dhaonnúil a ghabhann leis an tSiria tugtar le fios go mbeidh aon chomhdhlúthú daonlathach fada agus dúshlánach. Cuirfidh sé sin dúshlán roimh chumas an Aontais labhairt d’aon ghuth agus gníomhú i gcomhpháirt ar thodhchaí na tíre. Mar sin féin, léirigh roinnt tíortha san Eoraip nach bhfuil aon drogall oraibh labhairt faoin tosaíocht chomhroinnte atá acu, is í sin, na Sirigh atá díláithrithe a sheoladh ar ais chuig an tír. I mí na Nollag, cúpla lá tar éis do réimeas Assad cathair Damaisc a chailleadh, d’fhógair an Ostair — áit a bhfuair ceannaire FPÖ, Herbert Kickl, sainordú chun rialtas nua a bhunú — go dtabharfaidh an rialtas bónas fillte do dhaoine a fhilleann ar an tír agus fógraíodh freisin clár díbeartha dóibh siúd a bhfuil taifid choiriúla acu. San Ísiltír, tá sé beartaithe ag an gcomhrialtas faoi stiúir Geert Wilders, náisiúnaí de chuid na heite deise, limistéir shábháilte le haghaidh fillteacha a shainaithint. D’fhógair an Ghearmáin freisin go ndéanfar an chosaint a thugtar do Shiriaigh a athbhreithniú agus a chúlghairm má éiríonn cúrsaí níos cobhsaí sa tír. Thug tíortha Eorpacha eile dearbhuithe comhchosúla freisin nó d’fhógair siad go bhfuil súil ghéar á coinneáil acu ar an staid reatha sa tír. I bhfianaise an mhéid sin, d’fhéadfadh sé go mbeadh an cinneadh maidir le deireadh a chur le smachtbhannaí spreagtha ag an sprioc chun fillteacha a chur chun feidhme in áit a bheith spreagtha ag athrú tuairimí maidir le ceannaireacht nua na Siria.

Agus méadú ag teacht ar an tacaíocht a léiríonn daoine do pháirtithe atá i bhfad amach ar an eite dheis agus do pháirtithe frith-inimirce ar fud na hEorpa, agus toghcháin chónaidhme na Gearmáine ar na bacáin, tá an baol ann go mbeidh fís na mBallstát don tSiria faoi réir tosaíochtaí intíre agus roghanna

gearrthéarmacha a dhéantar chun an toghchán a bhuachan amháin. Idir 2015 agus 2024, thug Ballstáit an Aontais cosaint do bhreis agus milliún Siriach, agus formhór an lín sin ag cur futhú sa Ghearmáin. Is saincheist chonspóideach pholaitiúil agus shochaíoch anois go bhfuil na daoine sin ina gcónaí sa tír. I measc teagmhais slándála a poiblíodh go forleathan, boilsciú ard, agus costais fuinnimh atá ag ardú, níl an pobal in go leor tíortha ina óstáiltear dídeanaithe comh fáilteach mar a bhí sé roimhe seo. Tá caint naimhdeach agus beartais naimhdeacha tar éis éirí níos coitianta leis an aistriú sin. In ainneoin na n-iarrataí ón gCoimisiún Eorpach agus ó UNHCR cur chuige faichilleach a ghlacadh i leith fillteacha, d'fhéadfadh sé go mbeadh brú ar rialtais na hEorpa dlús a chur le fillteacha, fiú go haontaobhach, mar gheall ar an dinimic sin.

Ó tháinig deireadh le réimeas Assad i mí na Nollag, tá os cionn 125 000 dídeanaí tar éis filleadh ar an tSiria cheana féin, ó thíortha comharsanachta den chuid is mó. Mar sin féin, is gruama iad na hionchais atá rompu. Fiú roimh imeachtaí a tharla le déanaí, bhí níos mó ná leath de dhaonra na Siria thíos le neamhdheimhneacht an tsoláthair bia, agus bhí trí mhilliún duine ag fulaingt go géar mar gheall ar an ocras. Agus go leor tithe scriosta mar gheall ar an gcoimhlint, níl dóthain saoráidí óstála ann cheana féin. De réir UNHCR, tá gá le thart ar EUR 300 milliún le haghaidh dídine, bia agus uisce dóibh siúd atá ag dul ar ais. Cé gur cheart don Aontas agus do na Ballstáit cur chuige comhordaithe a fhorbairt chun aisdúichiú sábháilte deonach mhuintir na Siria a éascú san fhadtéarma, ba cheart é a bheith mar thosaíocht phráinneach dóibh aghaidh a thabhairt ar riachtanais dhaonnúla na tíre sa chomhthéacs sin. Dá gcuirfí brú ar dhídeanaithe filleadh go tapa ar thír éagobhsaí ina bhfuil an chogaíocht i réim, tá an sean ann go rachadh an plean in abar , ós rud é go gcuirfí teorainn bhreise leis an rochtain ar bhia, ar fhuinneamh agus ar dhídean. D'fhéadfadh fillteacha mórscála cur isteach freisin ar chreatlach eitneach agus shocheacnamaíoch na réigiún atá leochaileach cheana féin. Ní hamháin sin ach d'fhéadfadh diaspóra na Siria cur le hiarrachtaí atógála agus is cúis amháin eile í sin nach mór cur chuige cothrom inbhuanaithe a ghlacadh. Beidh innealtóirí, dochtúirí, riarthóirí agus múinteoirí agus oibrithe láimhe ag teastáil ón tír ar leibhéil éagsúla scileanna. Tá scileanna agus taithí luachmhar faighte ag muintir na Siria san Eoraip sna hearnálacha ábhartha, lena n-áirítear oideachas, tógáil agus cúram sláinte, ach ní bheidh sé éasca na próifílí cearta a earcú. Ní bheadh filleadh buan ina réamhchoinníoll ach oiread chun rannchuidiú leis an atógáil, d'fhéadfadh ról ríthábhachtach a bheith ag íocaíochtaí ón Eoraip maidir leis an mbochtaineacht a laghdú agus maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe. Trí rannpháirtíocht an diaspóra, d'fhéadfadh Siriaigh atá bunaithe san Eoraip na naisc thaidhleoireachta agus chultúrtha idir an tAontas agus an tSiria tar éis ré Assad a neartú.

Mar sin féin, d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ag na Ballstáit cur chuige cothrom a ghlacadh agus seans ann nach dtabharfaidís faoi chlár oibre comhordaithe. D'fhéadfadh roinnt tíortha tosaíocht a thabhairt don chobhsaíocht fhadtéarmach agus d'atógáil na Siria, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí daoine filleadh ar bhonn spontáineach. D'fhéadfadh daoine eile dlús a chur le dreasachtaí airgeadais a thairiscint le haghaidh aisdúichiú deonach nó fiú athbhreithniú córasach a dhéanamh ar stádas mhuintir na Siria a luaithe a thiocfaidh feabhas ar an staid dhaonnúil, fiú beagán. Mar sin féin, beidh bacainní suntasacha dlí ann chun athbhreithniú córasach a dhéanamh ar stádas dídeanaithe, agus beidh costais shuntasacha airgeadais agus riaracháin i gceist leis. Idir an dá linn, i ndáil le haon dreasacht a d'fhéadfaí teacht isteach maidir le filleadh, ba cheart a chur san áireamh ann go bhfuil formhór na Siriach atá easáitithe san Eoraip socraithe anois, agus go bhfuil saoránacht AE faighte ag os cionn 300 000 díobh. Ag an am céanna, d'fhéadfadh sé go mbeadh ionchais ghruama eacnamaíocha agus saothair na tíre ina n-ábhair díspreagtha do na daoine is mó ar mian leo filleadh ar ais. Ceist bhunúsach sa chomhthéacs sin is ea an gceadófar do mhuintir na Siria páirt a ghlacadh i ngluaiseachtaí neamhspleácha, mar a thugtar orthu, nó i bhfocail eile, an bhféadfaidís filleadh ar feadh tréimhsí teoranta, agus go leanfadh na tíortha óstacha san Eoraip de dheiseanna inbhuanaithe a chur ar fáil chun filleadh ar bhonn níos buaine. Is cinnte go mbeidh na ceisteanna sin fite fuaite leis an bplé níos leithne a dhéanfar ar bheartas imirce an Aontais. Leis an gcaibidlíocht a dhéanfar amach anseo maidir

leis an athchóiriú ar Threoir an Aontais lena rialaítear filleadh, a bhfuiltear ag súil le togra ina leith go luath ón gCoimisiún Eorpach, d’fhéadfaí dlús cinntitheach a chur leis an gcaibidlíocht sin ag brath ar an bplé atá ag teacht chun cinn maidir le filleadh mhuintir na Siria. Ach ar an gcaoi chéanna, d’fhéadfadh deighiltí breise i measc Bhallstáit an Aontais teacht chun cinn mar thoradh ar athchóiriú na Treorach. Ós rud é go bhfuil gá le hathmhachnamh bunúsach a dhéanamh ar bheartais imirce chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar dhúshláin an lae inniu, is dócha gurb é cur chuige an Aontais maidir le Siriaigh easáitithe an chéad phointe cinniúnach sa timthriall nua.

---

## CROÍ AN SCÉIL

**Tá géarchéim thromchúiseach thithíochta roimh an Aontas, rud arb é is cúis leis an cíos a bheith ag dul in airde, an réadmhaoin a bheith ródhaor, agus an tuarastal a bheith chun deiridh ar an mboilsciú.  D’fhonn teip an mhargaidh san earnáil tithíochta a leigheas, éilíonn CESE beart a dhéanamh gan mhoill agus straitéis tithíochta fhónta a cheapadh don Aontas, rud a phléann Thomas Kattnig, rapóirtéir don tuairim ó CESE Tithíocht shóisialta san Aontas atá cuibhiúil, inbhuanaithe agus inacmhainne.**

---



# MOLTAÍ CESE CHUN TEACHT AS AN NGÉARCHÉIM TITHÍOCHTA SAN EORAIP

**Le Thomas Kattnig**

Mar gheall ar chíosanna a bheith ag ardú, praghsanna réadmhaoine ag imeacht as smacht agus tuarastail nach bhfuil in ann cos a choinneáil leis an mboilsciú, tá fás ar an líon daoine nach bhfuil in acmhainn na praghsanna ar thithíocht a íoc. Is ann dáiríre do ghéarchéim tithíochta san Aontas.

Dá thoradh sin, agus laghdú ar an gcumhacht cheannaigh, tá méadú ar na costais cúraim sláinte, ar an gcaillteanas táirgiúlachta, ar an damáiste don chomhshaol agus ar iarmhairtí diúltacha eacnamaíocha.

Is é CESE guth na sochaí sibhialta eagraithe, agus creideann sé nach mór beart práinneach a dhéanamh chun an cliseadh margaidh san earnáil tithíochta a leigheas. Dá bhrí sin, iarraimid ar an gCoimisiún oibriú i gcomhar leis an bParlaimint, leis na Ballstáit agus leis an tsochaí shibhialta chun pacáiste cuimsitheach de bhearta AE a chur le chéile lena mbunófar na creatdálaí cuí agus an ceart chun tithíochta, i gcomhréir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta agus leis an gCairt um Chearta Bunúsacha.

Dá bhrí sin, is díol sásaimh dúinn ceapachán an Choimisinéara um Fhuinneamh agus Tithíocht agus an fógra go ndéanfar faoi cheann 100 lá togra a fhoilsiú maidir le Plean Tithíochta Inacmhainne Eorpach. I measc na rudaí a theastaíonn uainn tá clár trédhearcachta uile-Aontais le haghaidh idirbhearta réadmhaoine, comhordú níos éifeachtaí, nósanna imeachta ceadaithe níos éifeachtúla, pleanáil níos fearr ar an úsáid talún, talamh ar phraghas réasúnta don tithíocht shóisialta, níos mó infheistíochta san athchóiriú agus i bhfoirgnimh atá neamhdhíobhálach don aeráid, agus an clár ‘An Tithíocht ar dTús’ a thabhairt isteach chun cosaint agus féidearthachtaí a thabhairt arís do dhaoine atá gan dídean. Iarraimid go n-aithneofaí an tithíocht mar cheart bunúsach seachas mar thráchtearra, trína cur san áireamh i ndlí príomha an Aontais Eorpaigh.

Ag an am céanna, aontaímid le tuarascáil Letta gur gá rochtain ar thithíocht shóisialta a leagan síos ar bhonn níos ginearálta sa dlí maidir le státchabhair.

Ina theannta sin, tá CESE ag iarraidh go méadófaí go mór an tacaíocht airgeadais a thugtar don tithíocht shóisialta. Ar an gcéad dul síos, ní mór an infheistíocht phoiblí sa tithíocht shóisialta a eisiamh ó rialacha fiachais an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis. Ar an dara dul síos, ba cheart go mbeadh forbróirí neamhbhrabúsacha réadmhaoine agus comharchumainn agus údaráis áitiúla in ann iasachtaí fadtéarmacha saor ó ús a fháil tríd an ardán infheistíochta atá beartaithe nó go díreach ón mBanc Eorpach Infheistíochta.

Fágann na harasáin agus na tithe a bhíonn ar cíos go gearrthéarmach, go háirithe ina lán cathracha móra Eorpacha, go laghdaítear an stoc tithíochta atá ar fáil. Chun dul i ngleic leis an gcás sin, teastaíonn uirlisí

éagsúla ar leibhéal an Aontais, mar shampla cáin ar réadmhaoin fholamh agus uasteorainneacha cíosa, ionas gur féidir leis na Ballstáit beart iomchuí a dhéanamh.

Ní mór aird ar leith a thabhairt freisin a) ar riachtanais tithíochta daoine óga a shásamh trí chláir spriocdhírithe ar nós ‘Tithíocht ar dTús don Óige’ (HF4Y) agus b) ar dhaoine faoi mhíchumas a chur san áireamh.

Le gur féidir a chinntiú go mbeidh tithíocht ar fáil ar phraghas réasúnta, agus go mbeidh an tithíocht sin inbhuanaithe freisin, ba cheart tús áite a thabhairt d’athchóiriú agus d’iarfheistiú seanfhoirgneamh seachas foirgnimh nua a thógáil. Chun na hathchóirithe sin a éascú, iarraimid go mbeadh meascán de bhearta éigeantacha agus de bhearta tacaíochta ann chun a áirithiú go ndéanfar gníomhaíochtaí cothroma ar son na haeráide. Tá gá le huirlisí tacaíochta chun go mbeidh ar chumas gach duine, gan beann ar a staid airgeadais, athchóirithe teirmeacha agus fuinnimh a dhéanamh. Ag an am céanna, ní mór oibleagáidí a leagan síos d’úinéirí réadmhaoine, go háirithe tiarnaí talún, chun tionóntaí a chosaint ar arduithe iomarcacha cíosa mar thoradh ar thiarnaí talún a bheith ag cur na gcostas breise ar na tionóntaí.

Ar deireadh, is mian linn a chur i bhfios go láidir go bhfuil an ghéarchéim tithíochta ag déanamh dochair ní hamháin do cháilíocht saoil shaoránaigh na hEorpa ach go bhfuil sí ag cur dea-fheidhmiú mhargadh inmheánach an Aontais i mbaol freisin. Dá bhrí sin, tá gá le straitéis tithíochta Eorpach chun an soláthar tithíochta a mhéadú, chun bearta a thabhairt isteach ar mhaithe leis na costais tógála a laghdú, chun cuidiú le huas-sciliú an lucht saothair, chun an táirgiúlacht a mhéadú agus chun feidhmíocht comhshaoil an tionscail tógála a fheabhsú.




## CEIST AMHÁIN AR...

**I mí Aibreáin 2024, d'fhoilsigh Enrico Letta a thuarascáil dar teideal *Much More than a Market*. Tuarascáil í a rabhthas ag dréim léi le fada ina bhfuil tuairim Letta faoi thodhchaí mhargadh aonair an Aontais. Sa seisiún iomlánach a bhí aige i mí Eanáir, ghlac CESE an tuairim *Mar is féidir tacú le heintitis an gheilleagair shóisialta i gcomhréir leis na rialacha maidir le státchabhair: lón machnaimh i bhfianaise mholtaí thuarascáil Enrico Letta*. I measc nithe eile, iarrtar sa tuarascáil ar na hinstitiúidí Eorpacha feabhas a chur ar an gcreat dlíthiúil maidir le státchabhair agus a chur ar chumas fhiontair an gheilleagair shóisialta iasachtaí agus cistiú a fháil ar bhealach níos éasca. D'iarramar ar rapóirtéir na tuairime, Giuseppe Guerini, a mhéid a spreag tuarascáil Letta é agus cén chúis a bhí leis sin. Bunaithe ar chonclúidí na tuarascála seo, cén chaoi a bhfuil sé beartaithe ag CESE cabhrú leis na fiontair sin na rialacha maidir leis an státchabhair a chomhlíonadh?**



## TACAÍOCHT CHOTHROM AIRGEADAIS A ÁIRITHIÚ D'EINTITIS AN GHEILLEAGAIR SHÓISIALTA LAISTIGH DE RIALACHA AN AONTAIS

**Le Giuseppe Guerini**

Mar a thugtar le fios i dteideal Thuarascáil Letta, tá i bhfad níos mó i gceist leis an Aontas Eorpach agus a chóras eacnamaíoch agus gnó ná margadh. Is mar sin don scéal mar, ón tús ar fad, roghnaigh an tAontas Eorpach a bheith ina gheilleagar sóisialta margaidh, rud ar dá réir nach ionann an rathúnas eacnamaíoch agus saibhreas a dhéanamh amháin. Is ionann é agus saibhreas a dhéanamh sa trádáil agus sa mhargadh agus a bheith cinnte go rachaidh an saibhreas sin chun tairbhe do chách.

Ar an gcaoi sin, cruthaíonn fiontair an gheilleagair shóisialta éiceachóras a chinntíonn an dlúthpháirtíocht trí bhíthin an ghnó. Is samhail úsáideach é sin d'eagraíochtaí príobháideacha a ghníomhaíonn ar mhaithe leis an leas ginearálta mar sin féin.

Sainaithnítear an ghné sin i dTuarascáil Letta, gné ar ionchorpraíodh í cheana sa phlean gníomhaíochta agus sa mholadh maidir leis an ngeilleagar sóisialta. Iarrtar sa tuarascáil ar na hinstitiúidí Eorpacha na saintréithe sonracha a bhaineann le fiontair an gheilleagair shóisialta a aithint. Ina dhiaidh sin, ba ghá na rialacha atá

ann don mhargadh inmheánach agus don iomaíocht a oiriúnú agus an creat dlíthiúil maidir le státchabhair a fheabhsú chun a chinntiú gur fusa d’fhiontair an gheilleagair shóisialta teacht ar iasachtaí agus ar mhaoiniú.

Ní beag an obair atá déanta ag CESE chun a chinntiú go n-aithníonn na hinstitiúidí Eorpacha agus idirnáisiúnta cuspóir agus ról fhiontair an gheilleagair shóisialta. Ghlac sé páirt i roinnt mhaith tionscnamh agus tá an-chuid tuairimí glactha aige i gcomhréir leis an obair a d’fhág gur glacadh an Plean Gníomhaíochta maidir leis an nGeilleagar Sóisialta in 2021 agus an Moladh do na Ballstáit in 2023. Anuas air sin, d’eisíomar tuairimí maidir leis an mbeartas iomaíochta agus an státchabhair a mhéid a bhaineann le seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta. Mar thoradh air sin, tá sé tugtha chun solais againn gur gá méadú a dhéanamh ar na tairseacha maidir le státchabhair *de minimis* a dheonú. D’éirigh linn athruithe a dhéanamh ar an rialachán a formheasadh go déanach in 2023 dá bharr chomh maith. Iarrtar i dTuarascáil Letta go ndéanfaí an rialachán ginearálta maidir le blocdhíolúine a oiriúnú agus go gcuirfí feabhas ar chúrsaí maoinithe. Tá an dá iarraidh sin i gcomhréir leis an nglao a rinne CESE i dtuairimí éagsúla a eisíodh in 2022 agus in 2023. Leis sin, moltar dúinn coinneáil ag obair chun an tuairim seo a chur chun cinn ar mhaithe le borradh a chur faoin aitheantas a thugtar don gheilleagar sóisialta. Ba mhaith linn tuilleadh daoine a chur ar an eolas faoi na buntáistí a bhaineann le rialáil éifeachtach maidir le hiomaíocht agus státchabhair d’fhiontair an gheilleagair shóisialta agus do chóras iomlán na seirbhísí leasa ghinearálta araon.

# EESC NEWS




## Cuidiú na sochaí sibhialta á lorg ag Uachtarán na Comhairle Eorpaí, António Costa, chun an Eoraip láidir iomaíoch a theastaíonn uaidh a bhaint amach

**A chéad chuairt tugtha ag António Costa, Uachtarán nua na Comhairle Eorpaí, ar Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) agus na príomhthosaíochtaí atá aige don Aontas leagtha amach aige ann. Chuir sé i bhfáth gurb é an t-iomaíochas bonn atá faoi rathúnas na hEorpa, agus leag sé béim ar a thábhachtaí atá sé na cearta sóisialta a cheangal leis má táthar chun todhchaí inbhuanaithe a thógáil. 'Don mhóran, in áit an bheagáin, is gá don iomaíochas dul chun tairbhe', a dúirt Uachtarán CESE, Oliver Röpke, agus é ag teacht leis an méid sin.**

Ag labhairt dó ag seisiún iomlánach CESE cúpla lá tar éis dó dul i mbun oifige an 1 Nollaig, d’éiligh an **tUasal Costa** gníomhaíocht chomhchoiteann a dhéanamh ar bhonn práinne. ‘Táimid ar an mbóthar ceart. Tá fáthmheas déanta againn,

tá tograí uaillmhianacha againn, ach teastaíonn an toil pholaitiúil uainn. Dírímis ar an bhfás, ar phoist agus ar Eoraip shóisialta, ionas go mbeidh glúin óg an lae inniu in ann féachaint siar agus a rá: b’in é an uair a dheimhníomar an rathúnas atá againn.

An t-iomaíochas agus athchóirithe saincheaptha atá i gcroílár chlár oibre an Uasail Costa. Mhol sé an margadh aonair a athnuachan, fáil réidh le rialacháin nach bhfuil gá leo agus infheistíocht a dhéanamh i scileanna agus sa nuálaíocht d’fhonn geilleagar na hEorpa a neartú. ‘Tá cuideachtaí láidre ag teastáil uainn - ní toisc gur saoire iad ach toisc go mbíonn siad i mbun nuálaíochta, lena smaointe nua agus an lucht saothair oilte atá acu,’ a dúirt sé. D’éiligh an tUasal Costa freisin athchóirithe feidhmíochtbhunaithe arna spreagadh ag Next Generation EU: ‘Cur chuige loighciúil don todhchaí atá ann.’ D’iarr sé ar na Ballstáit intinn oscailte a bheith acu agus iad ag tabhairt faoi chéad bhuiséad eile an Aontais.

Ní le spriocanna eacnamaíocha amháin a bhaineann an t-iomaíochas; baineann sé le deiseanna a chruthú do gach uile Eorpach agus athléimneacht a chothú,’ a dúirt **an tUasal Röpke**. ‘Caithfidh an fás eacnamaíoch a bheith fite fuaite leis an dul chun cinn sóisialta, chun a chinntiú nach bhfágfar aon duine ar lár.’

Mhol an tUasal Costa gach a ndéanann CESE chun an t-idirphlé sóisialta a chothú. Is é ‘an tsamhail Eorpach’ é, dar leis, maidir le dul i dteagmháil leis an bpobal. ‘Tugann an t-idirphlé sóisialta deis dúinn teacht ar réitigh inbhuanaithe trí idirbheartaíocht leanúnach a dhéanamh idir ionadaithe éagsúla ár sochaithe. Tá sé sin ríthábhachtach, go háirithe sa lá atá inniu ann,’ ar seisean.

I ndíospóireacht an tseisiúin iomlánaigh, pléadh ábhair imní mhóra, an tithíocht, an imirce agus costais fuinnimh san áireamh - saincheisteanna a bhí luaite mar thosaíochtaí ag an Uasal Costa. Chuir an tUasal Röpke i bhfáth go bhfuil gá le réitigh phraiticiúla, agus béim á cur aige ar an infheistíocht san oideachas, san athsciliú, sa tithíocht inacmhainne agus san aistriú glas. ‘Tá CESE lántiomanta do ghuth na sochaí sibhialta a thabhairt isteach sa phróiseas chun Eoraip chuimsitheach athléimneach a chruthú a bheidh ullmhaithe do dhúshláin na todhchaí.’ (gb)

---




## Teachtaireacht ón gcéad Fhóram Tithíochta a bhí ag CESE riamh: caithfidh an tithíocht a bheith ina ceart bunúsach

Ní mór caitheamh leis an tithíocht mar cheart bunúsach, agus cóiríocht chuibhiúil agus inbhuanaithe a chinntiú do mhuintir uile na hEorpa, á gcur san áireamh daoine óga agus grúpaí leochaileacha.

Sin an glao láidir a chuir Fóram Tithíochta CESE chun cinn, a bhí ann den chéad uair ag seisiún iomlánach mhí na Nollag ar an 5 Nollaig 2024. Bhí cainteoirí mór le rá i láthair ag an díospóireacht agus glacadh tuairim faoin ábhar.


Tar éis cheapadh **Dan Jørgensen** ina Choimisinéir um Fhuinneamh agus Tithíocht, chuir Uachtarán CESE **Oliver Röpke** in iúl gur geal leis an

cinneadh stairiúil chun punann shonrach tithíochta a chur ar bun sa Choimisiún nua. Seo mar a labhair **an tUachtarán Röpke**: 'Is ceart bunúsach í an tithíocht, ní pribhléid, agus ní féidir linn glacadh leis go n-eisiafaí pobail leochaileacha ón mbunriachtanas sin. Agus sinn ag iarraidh dul i ngleic le géarchéim thromchúiseach tithíochta i ngach mór gach ceann de na Ballstáit, ba mhaith liom béim a leagan ar an ngá práinneach atá lena chinntiú go mbeidh tithíocht inacmhainne, inbhuanaithe agus chuibhiúil ann do chách.'

Bhí an méid seo a leanas le rá ag **Bent Madsen**, Uachtarán Housing Europe, agus é ag iarraidh go mbreathnófaí ar an tithíocht mar bhonneagar atá ríthábhachtach don tsochaí, ar aon leibhéal leis an tsláinte agus an oideachas: 'Táimid ar aon fhocal le tuairim an Choimisinéara nua Tithíochta gur cheart ár gcur chuige a bhunú ar luachanna, rialacha agus infheistíocht. Táimid réidh, mar chomharchumann poiblí agus mar sholáthraithe tithíochta sóisialta, le taispeáint conas na tithe atá de dhíth ar ár ndaoine agus ar ár sochaithe a chur ar fáil.'

Sa tuairim *Tithíocht shóisialta san Aontas atá cuibhiúil, inbhuanaithe agus inacmhainne* a dhréachtaigh **Thomas Kattnig** agus **Rudolf Kolbe**, aithníonn CESE go bhfuil cliste ar an margadh tithíochta. Ní mór dul i ngleic leis sin trí fheabhas a chur ar chreatchoinníollacha amhail sonraí, comhordú, nósanna imeachta formheasa agus rialacha pleanála maidir le húsáid talún, trí cheart bunúsach chun tithíochta a bhunú, trí chistiú leordhóthanach a chur ar fáil, tríd an gcur chuige 'Tithíocht ar dTús' a chur chun feidhme ar mhaithe le daoine gan dídean, agus trí dhíriú níos mó ar an inbhuanaitheacht agus ar riachtanais daoine óga. (mp)

---




## Ní hamháin na lúthchleasaithe Parailimpeacha, ach lúthchleasaithe eile ar an leibhéal is airde

**Bhí díospóireacht ag CESE chun Lá Idirnáisiúnta na nDaoine faoi Mhíchumas agus an Spiorad Oilimpeach a cheiliúradh le linn an tseisiúin iomlánaigh an 5 Nollaig sa Bhruiséil.**

Thuh CESE cuireadh d'aíonna ó shaol an spóirt Para-Oilimpigh le Lá Idirnáisiúnta na nDaoine faoi Mhíchumas agus an Spiorad Oilimpeach a cheiliúradh. Ina measc sin lúthchleasaí Para-Oilimpeach na Beilge agus curadh Joachim Gérard.

Agus tús á chur leis an seisiún, is éard a dúirt Uachtarán CESE, Oliver Röpke: 'Cuirfidh an díospóireacht seo béim ar a phráinní atá sé aghaidh a thabhairt ar an mbearna atá ann i bhfostú na ndaoine faoi mhíchumas. D'ainneoin na gcreataí dlíthiúla atá ann, tá i bhfad an iomarca daoine eisiata ó mhargadh an tsaothair. Bacainní leanúnacha is cúis leis seo. Tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí gníomhaíocht chun ionaid oibre chuimsitheacha a chruthú, bacainní sistéamacha a bhriseadh síos agus comhdheiseanna a áirithiú do chách. Ní mór don Eoraip gan aon duine a fhágáil ar lár má tá i ndán di a bheith fíorchuimsitheach.'

Dúirt an tUasal Gérard, imreoir leadóige agus curadh leadóige do lucht cathaoireacha rothaí na Beilge, leis an suí iomlánach nuair a thosaigh sé ag imirt leadóige den chéad uair, gur minic a cuireadh iontas air agus fiú agóidí go ndéanfadh sé ‘praiseach den chúirt’ lena chathaoir rothaí. ‘Le 10 mbliana anuas, tá dul chun cinn ollmhór déanta againn i saol an spóirt i ról na ndaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe. D’imir mé i roinnt *Grand Slams* éagsúla ar fud an domhain, agus de bharr na gcluichí seo agus na Parailimpeacha, is dóigh liom go bhfuil méadú ar an nglacadh ata liom mar lúthchleasaí barrleibhéil. Ní hamháin na lúthchleasaithe Parailimpeacha, ach lúthchleasaithe eile ar an leibhéal is airde.

Thug Anne d’Ieteren, uachtarán Chónaidhm na Fraince um Spórt Míchumais (La Ligue Handisport Francophone), le fios, in ainneoin na n-éachtaí móra a léirigh na Cluichí Parailimpeacha, go raibh go leor constaicí fós i saol laethúil daoine faoi mhíchumas. ‘Tá líon suntasach saoráidí spóirt ann fós a bhfuiltear gan rochtain orthu, agus saoráidí páirceála neamhleora nó cinn a bhduil drochdhearadh orthu. D’fhéadfadh sé gur fadhbanna beaga fánacha iad sin de réir cosúlachta, ach d’fhéadfadh an éifeacht charnach atá acu rannpháirtíocht a eisiamh agus a dhíspreagadh.’

Chuir Aurel Laurenţiu Plosceanu, Leas-Uachtarán ar CESE atá freagrach as an gCumarsáid, fáilte roimh an **Uasal Gérard** agus I**eteren Uasal**. Is éard a dúirt sí ‘Cuireann a láithreacht agus liosta na n-éachtaí atá déanta acu i gcuimhne dúinn cé chomh spreagúil is féidir le barr feabhais lúthchleasa a bheith dúinn uile a dhéanann ár ndícheall ár n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach, agus an ról ríthábhachtach atá ag daoine faoi mhíchumas inár sochaí agus i saol an spóirt go háirithe á léiriú ag an am céanna.’

Is éard a d’áitigh Christophe Lefèvre, cathaoirleach an Bhuanghrúpa um Chearta Daoine faoi Mhíchumas in CESE, go mbunófaí sásra inrochtaineachta de chuid an Aontais a mbeadh táscairí inrochtaineachta ag gabháil leis, lena gcumhdófaí réimsí amhail tithíocht inbhuanaithe, spórt, ceartas agus oideachas, agus dúirt Pietro Vittorio Barbieri (comhalta den Bhuanghrúpa) freisin ‘Tá sé ríthábhachtach go mbeadh rochtain ag gach duine faoi mhíchumas atá ina gcónaí san Eoraip ar spórt agus ar oideachas, ionas go ráthófar na pribhléidí céanna dúinn uile sa tsochaí.’ (lm)

---




## An tsochaí shibhialta agus an t-athrú atá á spreagadh aici ar mhór-roinn na hAfraice

**Ag an seisiún iomlánach a bhí ag CESE i mí na Nollag, rinneadh díospóireacht faoin daonlathas san Afraic le hionadaithe ó Chomhairle Eacnamaíoch, Shóisialta agus Chultúrtha an Aontais Afracaigh (ECOSOCC). Bhí an dá thaobh ar aon fhocal le chéile gur mór i gceist ról na sochaí sibhialta maidir le comhpháirtíocht bhisiúil idir an tAontas agus an Afraic, comhpháirtíocht atá bunaithe ar chomhionannas agus a chothaíonn idirphlé sibhialta agus sóisialta.**

Ag an díospóireacht iomlánach glacadh an tuairim *An Daonlathas san Afraic: an scéal mar atá i láthair na huaire agus na hionchais don am atá le teacht – Cén ról atá le himirt ag CESE?*. Ina theannta sin, d’athdhearbhaigh CESE go bhfuil sé tiomanta an

chomhpháirtíocht straitéiseach leis an Aontas Afracach a fheabhsú. Agus an scéal sin amhlaidh, tacaíonn sé leis an tionscnamh comhiarracht a dhéanamh chun roinnt luachanna – daonlathas, idirphlé cuimsitheach agus forbairt inbhuanaithe – a chur chun cinn. Shínigh CESE agus ECOSOCC an Aontais Afracaigh an Meabhrán Tuisceana roinnt míonna roimh an díospóireacht.

Seo mar a labhair **Kyeretwie Osei**, Ceann na gClár ag ECOSOCC an Aontais Afracaigh, sa ráiteas a thug sé thar ceann **Khalid Boudali**, Oifigeach Ceannais ECOSOCC: ‘Tá sé tábhachtach go dtabharfaimid faoi institiúidí a thógáil chun gur féidir dúinn an daonlathas a leabú ó cheann ceann na mór-roinne. Ar an gcaoi sin, beimid in ann dea-rialachas a chur ar bun trí dheireadh – nó srian – a chur leis an éilliú agus trí spásanna a chruthú do na saoránaigh inar féidir leo a dtuairimí a chur in iúl, i measc nithe eile. Is i gcroílár na sprice sin atá an tsochaí shibhialta’.

Rinne **Oliver Röpke**, Uachtarán CESE, a chur i bhfáth gur ‘ríthábhachtach an comhoibriú le ECOSOCC an Aontais Afracaigh chun ról na sochaí sibhialta a chur chun cinn san Afraic. Ba cheart don tsochaí shibhialta páirt a ghlacadh sa phróiseas cinnteoireachta agus dul i ngleic lena thuilleadh dúshlán fós, amhail an t-athrú aeráide, an fhorbairt inbhuanaithe agus an imirce’.

Pléitear na dúshláin sin sa tuairim ó CESE agus tugtar le fios inti go bhféadfadh sé, i dteannta ionadaithe aitheanta ó ardáin shochaí shibhialta na hAfraice, lámh a bheith aige i gcur chun cinn luachanna an daonlathais agus chearta an duine, agus i gcosaint na réimeas daonlathach san Afraic chomh maith.

Maidir le **Carlos Trindade**, comhalta de CESE agus rapóirtéir na tuairime, dúirt sé gur cheart don Eoraip cur chuige a ghlacadh atá bunaithe ar chaidreamh cothrom leis an Afraic agus obair ar siúl chun an daonlathas a fhorbairt san Afraic. Luaigh sé freisin gur cheart a chasta atá cúrsaí ar mhór-roinn na hAfraice ó thaobh na forbartha eacnamaíche, na héagsúlachta agus leasanna geopholaitiúla de a chur san áireamh sa chur chuige sin.

Labhair **Sifa Chiyoge Buchekabiri**, Stiúrthóir Réigiúnach agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na Comhghuaillíochta Idirnáisiúnta Comhair don Afraic (ICA-an Afraic), faoina thábhachtaí atá sé na mná san Afraic a chumhachtú: ‘Tá sé thar a bheith tábhachtach cumhachtú na mban a chur chun cinn ós rud é gur orthusan a bhíonn a dteaghlaigh ag brath go minic. Ós amhlaidh atá, chabhrófaí le daoine aonair agus le pobail iomlána ach na mná a chumhachtú’.

## Aistriú cóir don Eoraip: beartais ghlasa atá cothrom agus cuimsitheach á n-iarraidh ag CESE




**Tá CESE ag iarraidh go mbeidh aistriú cóir agus cuimsitheach ann agus an tAontas ag athrú i dtreo na haeráidneodrachta. I dtuairim uaidh le déanaí, chuir CESE béim ar an ngá atá le hiarrachtaí comhordaithe chun a chinntiú nach bhfágfar aon duine ar lár agus spriocanna uaillmhianacha aeráide á mbaint amach ag an Aontas. Tá na moltaí sin ag teacht le tosaíochtaí 2024-2029 an Choimisiúin Eorpaigh, lena dtugtar aghaidh ar phoist, scileanna, leas sóisialta agus éagothromaíochtaí réigiúnacha.**

Tá pacáiste cuimsitheach beartais um aistriú cóir á mholadh ag CESE, ionas go mbeidh solúbthacht ag na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar a gcúinsí féin. Anuas ar aird a tharraingt ar an idirphlé sóisialta agus an chómhargáil mar phríomhuirlisí, tá moltaí eile déanta ag CESE freisin, cuir i gcás bearnaí scileanna a mhapáil, cláir oiliúna chuimsitheacha a chur ar fáil, pleananna na ngnólachtaí don aistriú a bheith trédhearcach, comhairliúchán le hoibrithe a fheabhsú, agus prionsabail an aistrithe chóir a chomhtháthú i gcreataí an Aontais amhail Colún Eorpach na gCeart Sóisialta.

'Leis an aistriú cóir ba mhaith linn bunsraith chothrom, athléimneach agus inbhuanaithe a chur síos chun an bealach a réiteach do thodhchaí a bheidh níos glaise agus níos cuimsithí', a dúirt Dirk Bergrath, rapóirtéir don tuairim.

Chuir CESE i dtábhacht sa tuairim gur gá gach beartas a bhunú ar an gcothroime más uainn uaillmhianta aeráide na hEorpa a bhaint amach, is é sin astaíochtaí a laghdú 75 % faoi 2030 agus an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Tá sé ríthábhachtach tús áite a thabhairt don obair chuibhiúil, don chuimsiú sóisialta agus do laghdú na bochtaineachta chun tacaíocht phoiblí a chothú agus chun a chinntiú go mbeidh rath ar an gComhaontú Glas don Eoraip.

Lena chois sin, chuir CESE béim ar an ngá atá le tacaíocht spriocdhírithe do réigiúin a ndéanann an t-aistriú glas difear díréireach dóibh. Tá sé fíorthábhachtach riachtanais réigiúnacha agus aistrithe earnála a mhapáil, agus faireachán á dhéanamh ag an bhFaireachlann um Aistriú Cóir ar dhul chun cinn agus á chinntiú nach ndéantar dearmad ar phobal ar bith.

Chun bearnaí cistiúcháin a dhúnadh, tá sé ríthábhachtach an Ciste um Aistriú Cóir a mhéadú, infheistíocht phríobháideach a ghiaráil agus ionstraimí airgeadais an Aontais a chomhchuibhiú. Le coinníollachtaí sóisialta agus comhshaoil cinnteofar leithdháileadh cothrom, ina ndíreofar ar oiliúint agus ar chosaint do ghrúpaí leochaileacha. (ks)




## [Lá Eorpach na dTomhaltóirí in CESE: Ba cheart don Aontas leanúint de bheith tiomanta don Chomhaontú Gorm](#)

**Ba é *[Dúshláin Uisce: Ag plé peirspictíochtaí tomhaltóirí – Ag bogadh ar aghaidh le Comhaontú Gorm don Eoraip](#)* príomhthéama Lá Eorpach na dTomhaltóirí 2024. Ag an imeacht cuireadh béim ar an ngá atá le bainistiú inbhuanaithe uisce, bonneagar feabhsaithe agus oideachas a chur ar thomhaltóirí chun a chinntiú go bhfanfaidh an t-uisce inacmhainne do mhuintir uile na hEorpa.**

Mar a léiríodh ag Lá Eorpach na dTomhaltóirí a reáchtáil **Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE)** an 9 Nollaig, ós rud é go meastar go dtiocfaidh méadú 25 % ar phraghas an uisce faoi 2030, beidh ar an Aontas níos mó ná EUR 250 billiún a infheistiú chun freastal ar riachtanais uisce na hEorpa agus ar mhaithe le sochaí a thógáil ina mbeidh rochtain ag gach duine ar uisce glan inacmhainne.

Is acmhainn é an t-uisce atá ag éirí níos teirce, fiú san Eoraip: tugann suas le 30 % de mhuintir na hEorpa aghaidh ar strus maidir le huisce uair sa bhliain ar a laghad. Fágann sé sin go mbeidh ar thomhaltóirí, a bhreathnaíonn ar uisce mar thráchtearra indiúscartha, a n-iompar a athrú chun é a úsáid ar bhealach níos éifeachtúla, trí bheith níos eolaí faoina lorg uisce agus trí theicneolaíochtaí cliste coigilte uisce a úsáid.

Ba cheart do na truaillitheoirí móra an praghas a íoc freisin agus níor cheart dóibh an t-ualach a bhaineann lena gcostais fholaithe a chur ar na tomhaltóirí.

Ós rud é go n-úsáidtear 15 000 lítear uisce chun cileagram amháin feola a tháirgeadh agus 8 000 lítear le haghaidh péire amháin jíons, beidh ar mhórchaiteoirí uisce (amhail earnáil na monaraíochta agus go háirithe earnáil na talmhaíochta, arb ionann í agus 72 % de na hastarraingtí uisce ar fad) an costas a bhaineann lena dtionchar comhshaoil a sheasamh agus infheistíocht a dhéanamh i saoráidí táirgthe níos fearr.

Ba cheart féachaint ar an uisce mar chuid bhunúsach de thionscnaimh shuaitheanta bheartais an Choimisiúin Eorpaigh atá ar na bacáin. Ba mhaith linn go seolfaí an Chomhghuaillíocht Uisce nua chun cuidiú leis an gComhaontú Gorm don Eoraip a chur chun feidhme, agus táimid ag obair faoi láthair ar ardán ghealls ealbhóirí an Chomhaontaithe Ghoirm don Eoraip a chruthú,' arsa **Milena Angelova**, rapóirtéir na tuairime ó CESE *[Tomhaltas éifeachtúil uisce agus feasacht tomhaltóirí maidir lena lorg uisce.](#)* Chuir sí béim ar a thábhachtaí atá an [Comhaontú Gorm don Eoraip](#) mar phríomhthionscnamh de chuid CESE, 'institiúid cheannródaíoch de chuid an Aontais' a mhéid a bhaineann le saincheisteanna uisce.

San eochairóráid uaidh, dúirt **Gaetano Casale**, Stiúrthóir Oifig Idirchaidrimh Institiúid Oideachais Uisce IHE DELFT, nach dtugtar aitheantas ceart d'uisce san Eoraip go fóill. Dar leis, tá géarghá le cur chuige inbhuanaithe maidir le huisce, agus tá sé ag iarraidh go gcuirfí leis an bhfeasacht ar na costais chomhshaoil, ar na dúshláin a bhaineann le daonra méadaitheach an domhain agus ar an athrú aeráide.

'Ós rud é go bhfuil an t-uisce – sa talamh, san fharraige, agus sa spéir – ar cheann de na hacmhainní is luachmhaire atá againn, bheadh áthas orm dá ndéanfaimis go léir le chéile – saoránaigh, rialtais,

gníomhaireachtaí, eolaithe, earnáil na tionsclaíochta agus reachtóirí – an deis uathúil seo a thapú agus dul chun cinn suntasach a dhéanamh le go seasfaidh an acmhainn sin an aimsir’, a dúirt **Hildegard Bentele**, scáth-rapóirtéir Pharlaimint na hEorpa maidir leis an Treoir Réime maidir le hUisce. (II)

---




## Tá CESE ag seasamh le muintir na Bealarúise

**An 13 Nollaig 2024, d’eagraigh Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE), an Dearlaic Eorpach i gcomhair Daonlathais (EED) agus Press Club Belarus seimineár maidir le ról mheáin neamhspleácha na Bealarúise i ndáil le sochaí athléimneach dhaonlathach a chothú. Is iad meáin neamhspleácha na Bealarúise an t-aon fhoinse faisnéise atá ar fáil do dhaoine sa tír. Dá bhrí sin, ní mór tacaíocht airgeadais a thabhairt dóibh agus iad a rannpháirtiú i gcomhpháirtíochtaí le meáin an iarthair chun go leanfar den Bhealarúis a chur go mór chun tosaigh ár chlár oibre na nuachta idirnáisiúnta.**

Trí pháirt a ghlacadh sa tionscnamh ‘Belarus Days’ (9-13 Nollaig 2024), arna eagrú ag an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus ag an Ard-Stiúrthóireacht um Beartas Comharsanachta agus Caibidlíocht maidir le Méadú sa Choimisiún, léirigh CESE a thiomantas buanseasmhach do Bhealarúis dhaonlathach a urramaíonn cearta an duine agus an tsaoirse cainte.

Agus é ag cur tús leis an ócáid, bhí an méid seo a leanas le rá ag Uachtarán CESE, **Oliver Röpke**: ‘Is iad na meáin neamhspleácha cnámh droma sochaí atá saor agus daonlathach. Mar chuid den tionscnamh ‘Belarus Days’, athdhearbhaímid inniu ár ndlúthpháirtíocht le muintir na Bealarúise agus a comhrac misniúil i gcoinne na bréagaisnéise agus an leatroim’.

Leag Stiúrthóir Feidhmiúcháin EED, **Jerzy Pomianowski**, béim ar an méid seo a leanas: ‘Toradh réamhshocraithe atá i dtoradh an toghcháin a reáchtáladh an 26 Eanáir, agus déanfaidh an réimeas iarracht bogadh ar aghaidh, a chumhacht a dhlisteanú ar an ardán idirnáisiúnta agus an cos ar bolg a chur i bhfolach. Mar sin féin, is cosúil go n-éiríonn le meáin neamhspleácha na Bealarúise a lucht féachana agus éisteachta a mhealladh’.

Is saoririseoir ar deoraíocht í **Hanna Liubakova**, ar gearradh téarma príosúnachta 10 mbliana uirthi in absentia ar cheithre chúiseamh choiriúla. Tá lúcháir uirthi mar gheall ar an spreagadh atá ag muintir na Bealarúise fanacht ar an eolas agus rochtain a bheith aici ar na meáin neamhspleácha, rud a léiríonn gur ó laistigh den tír a thagann 50 % den trácht ar shuíomhanna gréasáin atá á reáchtáil ag an mBealarúis agus atá lonnaithe lasmuigh den tír. Dheimhnigh sí go bhfuil suas le 90 % de lucht féachana na n-ardán meán sóisialta laistigh den Bhealarúis. ‘Is iad na meáin neamhspleácha sa Bhealarúis an leigheas is fearr ar bholscaireacht Lukashenko agus na Creimile,’ ar sise.

Dúirt **Natalia Belikova**, a oibríonn do Press Club Belarus, gurb é is aidhm do bholscaireacht nua an rialtais léirmhíniú nua ar chineál na dtoghchán a scaipeadh chun daoine a aontú agus iad a spreagadh chun a dtírghrá a thaispeáint. 'Is iad na teaictící sin an chaoi a n-athraíonn siad dearcadh an phobail ar fad faoina bhfuil i gceist leis an daonlathas,' a dúirt sí.

Ag deireadh an tseimineáir taispeánadh an scannán *Under the Grey Sky*, scannán atá bunaithe ar fhíorscéal **Katsyaryna Andreeva**, iriseoir Bealarúiseach atá i bpríosún. D'fhreastail stiúrthóir an scannáin, **Mara Tamkovich, ar an taispeáint.** (mt)

---



Copyright: CMEDIA CORPORATION

## Faoi Spéir Chruálach na Bealarúise

**I mí na Nollag, reáchtáil CESE taispeáint den scannán *Under the Grey Sky*, scannán faoi iriseoirí de bhunadh na Bealarúise a d'íoc go daor as tuairisciú ar an suaitheadh polaitiúil ina dtír féin**

In *Under the Grey Sky*, an chéad fhadscannán de chuid **Mara Tamkovich**, déantóir scannán de bhunadh na Bealarúise-Polainne, insítear scéal coscrach Lena, iriseoir Bealarúiseach a chríochnaíonn sa phríosún i ndiaidh di cniogbheartaíocht an rialtais ar thaispeántas síochánta ag Ploshcha Peramen (nó Cearnóg na nAthruithe) i Mionsc a bheoshruthú. Tá an scéal suite in 2020, tréimhse ina scaiptear babhta agóidí gan fasach ar fud na Bealarúise i ndiaidh na dtoghchán rigeáilte inar atoghadh Aleksandr Lukashenko den séú huair.

Gabhtar Lena agus a hoibritheoir ceamara Olya i ndiaidh dóibh leanúint de na hagóidí a scannánú in ainneoin gur aimsigh drón póilíní iad. Tagann cor sa scéal nach mbeadh as áit i bplota Kafka, ina gcúisítear Lena ar dtús as 'círéibeacha a eagrú agus cur isteach ar iompar poiblí' ach cúisítear níos moille í as ardtréas. Coinneáil seacht lá an rud a bhí geallta ar dtús ach i ndiaidh triail rúnda iompaítear sin go tréimhse phríosúntachta a mhair ocht mbliana. Gearrtar téarma príosúnachta dhá bhliain ar a comhghleacaí. Tá a dhícheall á dhéanamh ag a fear céile, Ilya, a ndearna póilíní an réimis ciapadh air féin, chun í a chur as an bpriosún. Déanann sé iarracht, fiú, a chur ina luí ar Lena pléadáil ciontach de mhalairt ar shaoirse. Ach ní féidir le Lena é sin a dhéanamh.

Tá an scannán bunaithe ar fhíorscéal iriseoirí Bealarúiseacha Belsat TV **Katsiaryna Andreyeva**, a fear céile **Ihar Iljash** agus a comhghleacaí **Darya Chultsova**. Cé gur chríochnaigh Darya a pionós dhá bhliain, tá Katsiaryna agus Ihar i bpríosún faoi láthair, agus téarma faidréiseach príosúnachta ocht mbliana agus trí mhí á chur isteach aicise. Ní hiadsan amháin atá i gceist, ná baol air: ag deireadh 2024, mheas Comhlachas Iriseoirí na Bealarúise go bhfuil 45 oibrí sna meáin i bpríosún go fóill. Bíonn brú ar go leor acu fiú i ndiaidh dóibh teitheadh thar lear.

Cuireadh an scannán i láthair den chéad uair ar domhan ag féile Tribeca i Nua Eabhrac i mí an Mheithimh 2024.

An 13 Nollaig, taispeánadh *Under the Grey Sky* ag Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) agus bhí Mara Tamkovich i láthair mar chuid de sheimineár ar an ról atá ag meáin neamhspleácha na Bealarúise maidir le sochaí athléimneach dhaonlathach a chothú.

Labhair CESE Info **le Mara Tamkovich** faoin scannán:

**Cé chomh cruinn agus a leanann an scannán imeachtaí fíor-saoil agus cinniúint Katsiaryna Andreyeva? Ar bhain tú úsáid as fíorphíosaí scannánaíochta ó agóidí 2020 agus ó chás Katsiaryna Andreyeva?**

Is minic a úsáidtear an fíorphíosa scannánaíochta sa scannán. Mar a tharlaíonn, is iad Katsiaryna Andreyeva agus Darya Chultsova a scannánaigh an agóid atá á craoladh ag tús an scannáin. Is iad sin na fíoríomhánna a thugamar isteach i radharc dráma. Is fíorphíosa scannánaíochta é freisin coinneáil Raman Bandarenka a bhfeiceann na carachtair é ar a ríomhaire glúine (ghread dream maistíní, a raibh mascanna orthu, an gníomhaí Raman Bandarenka chun báis i ndiaidh dó iarracht a dhéanamh stop a chur leo ribíní dearga agus bána a ghearradh, ribíní arbh iad siombail ar bhratach na Bealarúise roimh fhorghabháil na Sóivéadach). Ag deireadh an scannáin, mar eipealóg, taispeánaim montáis de bheoshruthanna Katsiaryna ó na hagóidí.

Tá an príomhphlota ceangailte go mór leis an réaltacht, mar shampla, an dóigh ar gabhadh agus ar ionchúisíodh na hiriseoirí agus na pionóis a gearradh orthu. Ach ní hé an aidhm a bhí agam miondealú cruinn a thabhairt ar na himeachtaí, ach fírinne mhothúchánach na roghanna a bhí le déanamh ag daoine agus na roghanna pianmhara a bhí rompu a léiriú. Tugadh ainmneacha difriúla ar na carachtair chun achar éigin a chur eatarthu agus na daoine ón bhfíorshaol ar spreagadh iad, ach freisin chun cuireadh a thabhairt don lucht féachana smaoineamh ar an scéal sin mar cheann amháin i measc an iliomad scéalta, agus mar mheafar don mhéid a tharla don náisiún ar fad.

**An bhfuil a fhios ag an bpobal i gcoitinne sa Bhealarúis cad a tharla do Katsiaryna Andreyeva agus d’iriseoirí eile dá leithéid? An bhfuil a fhios agat cá mhéad duine a bhí thíos leis an deireadh céanna nó le deireadh den chineál céanna?**

Tharla gabhálacha polaitiúla agus cos ar bolg ar scála chomh leathan sin sa Bhealarúis gur deacair gan bheith ar an eolas faoin staid. D’fhulaing 130 000 duine ar a laghad cineálacha éagsúla cos ar bolg agus d’fhág thart ar 500 000 an tír tar éis 2020. Déanta na fírinne, ní féidir fadhb atá chomh mór sin a chur i bhfolach.

Tá líon oifigiúil na bpríosúnach polaitiúil (iad siúd atá cúisithe nó ciontaithe ar chúisimh chóiriúla) sa Bhealarúis seasta ag thart ar 1 300 duine le roinnt blianta anuas, ach ní mór a thuiscint go bhfuil na céadta, nó na mílte ann, fiú, a bhfuil a bpionós istigh cheana, gur scaoileadh saor níos luaithe cuid acu agus go bhfuil eagla ar go leor daoine nua-chiontaithe stádas príosúnach polaitiúil a éileamh. Leanann an brú faoi chois ar aghaidh gan stad gan staonadh mar a bheadh monarcha ann, agus príosúnaigh nua á gcur in ionad na bpríosúnach a scaoiltear.

**Cad é an príomhspreagadh a bhí agat chun an scannán seo a dhéanamh? Cad ba mhaith leat a bhaint amach?**

Mar Bhealarúiseach, bhí fonn orm rud éigin a dhéanamh nuair a rinne réimeas na Bealarúise cniogbheartaíocht bhrúidiúil in aghaidh na hagóide a tharla in 2020. Mar iar-iriseoir, bhí mé in ann dearcadh na gcarachtar a thuiscint go han-mhaith. Mar scannánóir, chonaic mé scéal láidir corraitheach arbh éigean

dom a insint.

**Cén príomhtheachtaireacht nó mothúchán a bhfuil súil agat go dtógfaidh breathnóir leis tar éis dó féachaint ar do scannán?**

Tá súil agam go ndéanfaidh daoine a machnamh ar cad é an tsaoirse i ndáiríre, ar na costais a bhaineann léi, agus ar an aithníonn siad i ndáiríre a bhfuil acu. Tá súil agam fosta go smaoineoidh siad ar Kacia agus ar Ihar agus ar gach aon duine atá i bpríosún, mar is rud í an tsaoirse a nglacann a lán daoine anseo san Eoraip talamh slán di.

**Cad ba cheart don Aontas Eorpach – na hinstitiúidí, an tsochaí shibhialta, comhlachais iriseoirí agus chearta an duine agus rialtais náisiúnta – a dhéanamh chun cuidiú?**

Molaim go láidir don Aontas gan dearmad a dhéanamh ar an mBealarúis agus gan í a dhíscríobh mar chur amú ama. Is í tacaíocht an Aontais an rud a ligeann dár gcultúr, dár meáin agus don tsochaí shibhialta maireachtáil faoin mbrú ollmhór seo agus, cé go mbeidh foighne atá teastáil, is fiú é sa deireadh.

---



## ‘Murach é a bheith ann, is rud é a chaithfí a chruthú’ – Grúpa Idirchaidrimh CESE ag comóradh na 20 bliain

**Ag ceiliúradh 20 bliain an Ghrúpa Idirchaidrimh in CESE dóibh, d’iarr bunaitheoirí agus comhaltaí reatha an Ghrúpa go ndéanfaí bearta gníomhacha chun daonlathas na hEorpa, spás poiblí oscailte agus Eoraip chóir a chosaint.**

An 11 Nollaig, reáchtáil Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) comóradh 20 bliain ar an nGrúpa Idirchaidrimh le líonraí Eorpacha na sochaí sibhialta, an t-aon chomhlacht buan le haghaidh idirphlé polaitiúil agus comhar struchtúrtha idir eagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna) agus institiúidí an Aontais. Le fiche bliain anuas, is tábhachtach an ról atá ag an nGrúpa Idirchaidrimh le glór na sochaí sibhialta eagraithe a mhéadú agus na hábhair imní atá aige a chur ar chlár oibre na hEorpa. Tá 45 líonra de chuid na sochaí sibhialta sa ghrúpa, líonraí atá gníomhach ar an leibhéal Eorpach, grúpa a dhéanann cuimsiú go hiomlán na prionsabail a chumhdaítear in Airteagal 11 den Chonradh.

‘Ós ag ceiliúradh 20 bliain an Ghrúpa Idirchaidrimh CESE atáimid, tugaimid ómós ní hamháin dá chuid gaisce, ach freisin do na comhpháirtíochtaí marthanacha a mhúnlaigh an daonlathas rannpháirtíochta san Eoraip. Le fiche bliain anuas, is ag fás atá an Grúpa Idirchaidrimh ionas gur ardán bríomhar anoi sé, rud a mhéadaíonn glór na sochaí sibhialta, agus rud a chothaíonn comhoibriú idir páirtithe leasmhara éagsúla dá réir. Ag féachaint na todhchaí dúinn, seasaimis le chéile chun luachanna daonlathacha a neartú, an spás

sibhialta a leathnú, agus an Eoraip a mhúnlú ionas go ndéanfaidh sí freastal go fírinneach ar a muintir ar fad,' a dúirt Uachtarán CESE, Oliver Röpke, san aitheasc tosaigh uaidh.

'Ní éasca an turas atá curtha dínn againn,' a mhínigh **Brikena Xhomaqi**, Comhchathaoirleach an Ghrúpa Idirchaidrimh, 'ach d'fhoghlaimíomar le muinín a bheith againn as a chéile. Agus tá súil agam go neartóimid an comhar seo eadrainn chun troid i bhfochair a chéile ar mhaithe le straitéis chomhleanúnach Eorpach maidir leis an tsochaí shibhialta'.

San óráid thábhachtach a thug sí féin, dhearbhaigh **Katarina Barley**, Leas-Uachtarán Pharlaimint na hEorpa atá freagrach as caidreamh le heagraíochtaí na sochaí sibhialta: "Mar Pharlaimint na hEorpa, táimid ullmhaithe chun ár gcomhar leis an nGrúpa Idirchaidrimh a neartú. Tá gá le comhar a bheadh níos struchtúrtha agus is mithid na heagraíochtaí na sochaí sibhialta a bheith páirteach ann.  Ar scáth a chéile is ea ba cheart dúinn tuilleadh oibre a dhéanamh chun cur i gcoinne na mbagairtí ar an daonlathas san Aontas Eorpach, bagairtí atá níos mó ná riamh i stair an Aontais,' ag cur leis, maidir leis an nGrúpa Idirchaidrimh, 'Murach é a bheith ann, is rud é a chaithfí a chruthú.'

D'fhreastail céad duine agus tuilleadh díobh sin ar tugadh cuireadh dóibh, daoine lena n-áirítear roinnt príomhphearsana in earnáil na sochaí sibhialta, ar an imeacht bríomhar lena ndearnadh comóradh 20 bliain an Ghrúpa Idirchaidrimh. Orthu sin bhí ionadaithe ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta ón tSeirbia agus ón Moldóiv, i gcomhréir le beartas CESE maidir le cuireadh a thabhairt d'ionadaithe ó thíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas páirt a ghlacadh ina chuid oibre. Bhí ceathrar iar-Uachtarán ar CESE, **Staffan Nilsson**, **Henri Malosse**, **Luca Jahier** agus **George Dassis** i láthair freisin. Chuir an tUasal Jahier i bhfios agus i bhfáth go bhfuil sé de fhreagracht ar CESE ardán a bhunú agus a choinneáil don idirphlé sibhialta, agus dúirt an tUasal Dassis 'gurb é an rud is mó ná síocháin a bheith ann, agus síocháin a bhaint amach, ní mór dúinn a bheith láidir agus seasamh le chéile.'

B'fhéidir nár éirigh leat féin a bheith i láthair. Murar éirigh, féach taifeadadh na hócáide, ar an ráiteas comhpháirteach ó Uachtaránacht an Ghrúpa Idirchaidrimh, ar an bhfíseán deiridh, ar na pictiúir agus ar an bpreasráiteas ar leathanach na n-imeachtaí anseo.  (lm)

---

## Díreach foilsithe: Gníomhaíochtaí CESE le linn Uachtaránacht na Polainne

**An 1 Eanáir, ghlac an Pholainn seilbh ón Ungáir ar stiúradh an Aontais Eorpaigh agus beidh Uachtaránacht Chomhairle AE aici le linn na chéad sé mhí den bhliain. Tá tús á chur le hUachtaránacht na Polainne le linn tréimhse chlaochlaitheach don Eoraip, agus sin ag tarlú i gcomhthráth le téarma oifige nua an Choimisiúin Eorpaigh.**

Copyright: Polish Presidency. Council of the European Union

Agus fogha na Rúise faoin Úcráin ag leanúint ar aghaidh go neamhthrócaireach agus an teannas geopholaitiúil níos airde ná riamh i gcuimhne na hEorpa, tá cinneadh déanta ag an bPolainn díriú mar thosaíocht ar théama uileghabhálach na slándála. Áirítear faoin téama sin an tslándáil sheachtrach, an tslándáil inmheánach, an tslándáil eacnamaíoch, an tslándáil fuinnimh, an tslándáil bia, agus an tslándáil sláinte chomh maith leis an smacht reachta a áirithiú.

Tagann na tosaíochtaí sin le tiomantas Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa comhtháthú a chothú, luachanna daonlathacha a chosaint, agus rathúnas cobhsaí a áirithiú. ‘In CESE, is cúis bhróid dúinn a bheith inár gcomhpháirtí iontaofa rannpháirteach d’Uachtaránacht na Polainne agus táimid tiomanta ról gníomhach a ghlacadh maidir leis na tosaíochtaí polaitiúla a mhúnlú ar mór an tionchar a bheidh acu ar an timthriall nua Eorpach seo’, arsa Uachtarán CESE, **Oliver Röpke**.

Arna iarraidh sin d’Uachtaránacht na Polainne, déanfaidh CESE 14 thústuairim a dhréachtú. Tá tuilleadh eolais faoi na tústuairimí sin agus faoi obair eile de chuid CESE sa chéad leath de 2025 le léamh inár mbróisiúr nua. Tá cur síos ann freisin ar chomhaltaí na Polainne in CESE agus ar na heagraíochtaí as a dtagann siad. Is ar líne amháin atá an bróisiúr sin ar fáil i mBéarla, i bPolainnis, i bhFraincis agus i nGearmáinis. (ll)




# Brandáil nua don Eoraip, nó ‘Rebranding Europe’

**Má tá an tAontas chun an aimsir a sheasamh, tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh sé ar a chumas cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach, go mór mór na laethanta seo agus an bhréagaisnéis ar fud na háite, an intleacht shaorga ag bailiú nirt go han-tapa agus claontaí forlámhacha á leathnú. Chun gur féidir leis an Aontas cumarsáid a dhéanamh le gach duine, caithfidh sé dul i gcion ar an leibhéal áitiúil.**

Leabhar nua leis an straitéisí cumarsáide agus údar **Stavros Papagianneas** is ea *Rebranding Europe* ina spreagtar plé criticiúil ar ról an Aontais sa domhan mór. Feicimid go bhfuil cor cinniúnach buailte leis an Eoraip, agus fogha na Rúise i gcoinne na hÚcráine ar thaobh amháin, atá á fhearadh le nach mór trí bliain anuas, agus an cogadh sa Mheánoirthear ar an taobh eile, anuas ar shraith dúshláin gheopholaitiúla agus eacnamaíocha eile.

Cuireadh an leabhar i láthair an 3 Nollaig sa Résidence Palace sa Bhruiséil. Bhí **Laurenţiu Plosceanu**, Leas-Uachtarán um an gCumarsáid in CESE, i láthair ag an imeacht agus ghlac sé páirt sa díospóireacht maidir le seasamh na hEorpa sa chró troda corrach ar fud an domhain agus an gá atá ag an Aontas cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach.

‘Tá cor cinniúnach buailte leis an Aontas. Chun go mbeidh an Eoraip slán i bhfad na haimsire, ní mór di fís shoiléir láidir a chur in iúl dá saoránaigh agus don domhan mór. Ní bhaineann sé seo leis an bpolaitíocht – baineann sé leis an muinín, leis an bhféiniúlacht agus lenár gcúis chomhchoiteann,’ arsa Papagianneas.

Leag iad siúd a bhí páirteach sa díospóireacht béim air nach bhfuil an dara rogha ag an Aontas ach cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach más mian leis an aimsir a sheasamh, go mór mór i ré seo na bréagaisnéise, na hintleachta saorga agus an údarásaíochais atá ag dul i méid. Caithfidh an Eoraip a bheith ar thús cadhnaíochta maidir leis an daonlathas agus cearta an duine a chur chun cinn. Tá ról ríthábhachtach ag na meáin maidir le réimse poiblí na hEorpa a mhúnlú, rud a d’aithin **Colin Stevens**, príomheagarthóir an tsuímh EU Reporter agus treoraí an phlé. ‘Caithfimid, sin le rá na meáin, a mhíniú arís agus arís eile go mbaineann an Eoraip linn ar fad. Agus caithfimid é sin a dhéanamh gach uile lá,’ a dúirt sé.

Aontaíonn na saineolaithe go bhfuil sé thar a bheith deacair dul i ngleic le foinse na mífhaisnéise nó ‘na bréagnuachta’, go háirithe agus an intleacht shaorga tagtha ar an bhfód. An rud is fearr is féidir linn a dhéanamh chun cur i gcoinne an mhéid sin ná athléimneacht a chothú i measc an phobail.

Thug Plosceanu ar aird go bhfuil sé ‘in am éisteacht leis na daoine, seachas labhairt leo. Tá daoine ag iarraidh go mbeadh páirt níos mó acu sna cúrsaí seo.’ Chuir sé i bhfáth go bhfuil sé an-tábhachtach comhoibriú leis na meáin réigiúnacha. Chuige sin, d’áitigh sé ar institiúidí an Aontais comhpháirtíochtaí a bhunú leis na meáin réigiúnacha agus cuireadh a thabhairt d’iriseoirí réigiúnacha teacht chun na Bruiséile. Ar deireadh, dúirt sé go gcaithfidh an Eoraip dul i gcion ar an leibhéal áitiúil, ar na pobail áitiúla.

Is ar an leibhéal áitiúil a smaoiníonn formhór mór mhuintir na hEorpa ar dtús, sula smaoiníonn siad ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach ag an deireadh ar fad. Ní mór é sin a chur san áireamh sa chumarsáid a dhéantar faoin Eoraip trí scéalta áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta a

scaipeadh a rachaidh i bhfeidhm ar na daoine. (mt)

---





## Dátaí le cur sa dialann: Beidh Seachtain na Sochaí Sibhialta ar siúl in CESE an 17-20 Márta 2025

**Mar chomhpháirtí institiúideach na sochaí sibhialta, is cúis bhróid do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) a fhógairt go reáchtálfar an dara heagrán de Sheachtain na Sochaí Sibhialta!**

Díreofar ar an téama ***An Comhtháthú agus an Rannpháirtíocht a threisiú sa tSochaí a bhfuil an tEasaontas i réim inti*** san imeacht seo a mhairfidh ceithre lá. Beidh na seisiúin faoi stiúir an Ghrúpa Idirchaidrimh in CESE agus líonraí na sochaí sibhialta san Eoraip. Áirítear ar na buaicphointí eile Lá an Tionscnaimh ó na Saoránaigh, searmanas bronnta Dhuais na Sochaí Sibhialta agus rannpháirtíocht comhairlí eacnamaíocha agus sóisialta náisiúnta, ionadaithe don óige, iriseoirí agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta ó thíortha is iarrthóirí.

Osclófar an clárú i mí Feabhra 2025. Beidh tuilleadh eolais ar fáil go luath ar an leathanach gréasáin #CivSocWeek agus ar chainéil na meán sóisialta.  Bí ag faire amach chun tuilleadh eolais a fháil!

---




## A lucht meánscoile, seo chugainn Leatsa an Eoraip, Abair leat 2025!

**Ar ócáid *Leatsa an Eoraip, Abair leat (YEYS)* na bliana seo, tá na céadta iarratas faighte ag CESE ó mheánscoileanna ar fud an Aontais, na dtíortha is iarrthóirí, agus na Ríochta Aontaithe.**


Rinne lucht eagraithe YEYS na hiarratais go léir a scrúdú agus a mheas go cúramach, agus 36 mheánscoil a roghnú le páirt a ghlacadh in YEYS 2025 an 13 agus an 14 Márta!

Is é YEYS an t-imeacht suaitheanta bliantúil atá ag CESE don óige agus tabharfar le chéile in ócáid na bliana seo beagnach 100 mac léinn agus 37 múinteoir. Mairfidh an ócáid lá go leith agus is é téama na bliana seo ‘Guth a thabhairt don Óige’. Díreofar ar an ról is féidir leis an aos óg a imirt agus todhchaí athléimneach á múnlú. An aidhm atá ann a chur ar chumas na ndaoine óga páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí sibhialta agus cur leis an daonlathas rannpháirtíochta ina bpobail féin agus i bhfad ó bhaile.

Agus CESE ag fáil réidh le fáilte a fhearadh roimh rannpháirtithe uile YEYS, tabharfaidh comhaltaí de CESE cuairt ar na scoileanna a roghnaíodh go luath in 2025, le haithne a chur orthu agus plé a dhéanamh leo roimh an bpríomhimeacht.

Déanfar na seisiúin oscailte agus chlabhsúir an 14 Márta a bheoshruthú. An nasc a theastóidh le breathnú ar an sruth, foilseofar é ar shuíomh gréasáin CESE, ar leathanach oifigiúil YEYS 2025, mar a mbeidh tuilleadh eolais agus an scéal is déanaí faoin imeacht le fáil.

---




## Tonnta déanta ag 'Flow' in CESE

**An 23 Eanáir, déanfaidh CESE an scannán 'Flow' a thaispeáint, ar iomaitheoir é i LUX 2025 – Gradam Scannánaíochta Lucht Féachana na hEorpa.**

Leis an stiúrthóir Laitviach, **Gints Zilbalodis**, is comhléiriú idir an Laitvia, an Fhrainc agus an Bheilg é an scannán beochana seo, a bhfuil ardmholadh faighte aige ó léirmheastóirí. Tá aitheantas domhanda bainte amach anois aige. Bhuaigh sé duais *Golden Globe* sa chatagóir 'An Príomhscannán Beochana Is Fearr' agus tá príomhdhuaiseanna eile buaite aige ag féilte amhail *The Annecy International Animation Film Festival, The New York Film Critics Circle Awards* agus *The European Film Awards*.

Lean aistear Cat, marthanóir aonair tar éis tuile iar-apacailipteach. Lean é agus é ag dul i ngleic leis an saol nua atá os a chomhair amach agus é ag foghlaim conas comhoibriú le hainmhithe eile ar bhád tarrthála.

Tá an ócáid mar chuid de shraith leanúnach léirithe scannán de chuid CESE, arna heagrú i gcomhpháirtíocht le Gradam Lucht Féachana LUX Pharlaimint na hEorpa, a bhfuil sé d'aidhm aige éagsúlacht chultúrtha a chur chun cinn agus idirphlé a spreagadh maidir le saincheisteanna sóisialta práinneacha.

---




## An leagan idirghníomhach den Phas Eorpach um Dhaonlathas

**Tá na mílte cóip den leagan is déanaí de bhróisiúr cáiliúil CESE, *an Pas Eorpach um Dhaonlathas*, á scaipeadh ar fud na hEorpa faoi láthair. B'fhéidir go raibh leagan leictreonach idirghníomhach den Phas Eorpach um Dhaonlathas á lorg agat. Má bhí, tá sé ann anois!**

Tá físeáin, tráthanna na gceist, léarscáileanna agus a lán rudaí eile le fáil sa **leagan leictreonach idirghníomhach** den phas. Tá fáil air faoi láthair i 13 theanga agus tá na teangacha eile á n-ullmhú faoi láthair! Bain triail as le fáil amach conas is féidir leat ról gníomhach a imirt!




## Scéalta ratha in CESE

**Tá sraith 11 scéal san fhoilseachán is déanaí ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir leis na héachtaí a rinne sé le déanaí.**

Feictear sna scéalta úd an obair atá déanta ag CESE lena chinntiú go bpléitear agus go dtugtar aghaidh ar an leibhéal Eorpach ar shaincheisteanna eacnamaíocha agus sóisialta a ardaíonn na comhpháirtithe sóisialta agus an tsochaí shibhialta.

Léiríonn siad freisin conas a éiríonn le CESE, trína chuid oibre comhairliúcháin, ní hamháin tionchar a imirt ar reachtaíocht an Aontais, ach súil a choinneáil ar a cur chun feidhme cuí chomh maith céanna.

Is féidir tuilleadh a léamh faoin 11 scéal sin nó iad a íoslódáil ach dul chuig ár suíomh gréasáin: *Recent EESC achievements* | CESE.

Más maith leat cóip páipéir i mBéarla nó i bhFraincis de na scéalta a fháil, is féidir ríomhphost a chur chuig an seoladh seo: vipcese@eesc.europa.eu
.

# NEWS FROM THE GROUPS




## An t-iomaíochas a chur chun cinn ar mhaithe leis an rathúnas comhroinnte: tosaíochtaí nua Ghrúpa na bhFostóirí

**Le Stefano Mallia, Cathaoirleach Ghrúpa na bhFostóirí**

**'An t-iomaíochas a chur chun cinn ar mhaithe leis an rathúnas comhroinnte' is ea príomhchuspóir thosaíochtaí nuaghlactha ár nGrúpa.**

I bhfianaise na ndúshlán domhanda atá ann faoi láthair, ní mór don iomaíochas agus timpeallacht atá fabhrach don ghnó a bheith chun tosaigh sa chlár oibre polaitiúil, agus gníomhaíochtaí nithiúla beartais a dhéanamh chun tacú leis an méid sin.

In Aontas atá fabhrach don ghnó, is ar bharr feabhais agus iomaíocht fhónta a bheidh an t-iomaíochas bunaithe seachas ar fhóirdheontais ná ar an gcaomhnaitheacht, agus beidh rochtain iomaíoch ag gnólachtaí ar na hacmhainní táirgthe uile is gá. In Aontas atá fabhrach don ghnó déanfar rialáil ar bhealach atá fabhrach don ghnó agus don táirgiúlacht, íoslaghdófar an t-ualach riaracháin, agus beidh **Margadh Aonair** lánfheidhmiúil ann. Thairis sin, cuid mhór den mhéid a mheallann infheistíochtaí is ea muinín daingean a bheith ag na fiontair agus lucht ceaptha beartas as a chéile agus, ar an dul céanna, is gá leasanna ghnólachtaí an Aontais a chosaint i dtaca le hiomaitheoirí idirnáisiúnta.

Sin an fáth a bhfuil 10 sraith de ghníomhaíochtaí beartais atá fabhrach don ghnó á n-iarraidh againn mar phríomhthosaíochtaí:

1. Athchóiriú radacach ar an gcur chuige rialála
2. Córais Nuálaíochta Táirgiúla le díriú ar an infheistíocht agus ar an nuálaíocht
3. Ardacmhainneacht Theicneolaíoch sa chosaint, sa tslándáil agus san aistriú glas agus tacaíocht do ghnólachtaí teicneolaíochta nuathionscanta
4. Bonn Tionsclaíoch Láidir
5. Margaí Airgeadais Comhtháite trí fhorbairt a dhéanamh ar Aontas na Margaí Caipitil agus ar an Aontas Baincéireachta
6. Rochtain Leordhóthanach ar Lucht Saothair
7. Córais Éifeachtacha Fuinnimh agus Iompair
8. Dálaí Trádála Comhionanna
9. Aistriú Glas atá dírithe ar an nGnó
10. Airgeadas Poiblí Éifeachtúil

Tá na gníomhartha seo práinneach más mian linn leas a bhaint as an tionchar dearfach atá ag gnólachtaí iomaíocha ar gheilleagar láidir agus ar Aontas a bhfuil tionchar domhanda aige.

Oscailt súl a bhí i dtuarascálacha Letta agus Draghi: ní mór don Aontas an t-iomaíochas a athshlánú, sin nó d’fhéadfadh comhbhabhtálacha deacra a bheith roimhe maidir le leas sóisialta, caighdeáin chomhshaoil agus saoirsí lárnacha.

Ní hacmhainn dúinn é sin.

---



## Comhaontú tionsclaíoch glan don Eoraip agus dá lucht oibre?

***Grúpa na nOibrithe a scríobh***

**Is iomaí dúshlán difriúil atá roimh thionscail na hEorpa, lena n-áirítear praghsanna fuinnimh an-ard, agus deacrachtaí fórsa saothair oilte a mhealladh agus rochtain a fháil ar mhaoiniúchán. In 2023, rinne an tAontas Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais a chur chun tosaigh, plean atá dírithe ar an neodracht carbóin a bhaint amach. Sa chur a láthair a rinne sí ar na treoirlínte polaitiúla an fómhar seo caite, luaigh an tUachtarán von der Leyen ‘Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan’ ar mhaithe le tionscail iomaíocha agus poist ardcháilíochta, faoi anáil thuarascáil Draghi.**

Tá an tionsclaíocht ina cuid riachtanach den aistriú glas, den aistriú digiteach, agus den chóras eacnamaíoch atá againn. Ach céard atá i ndán ag an gcomhaontú nua seo don lucht oibre? An fórsa oibre a bheith láidir, ballraíocht a bheith acu i gceardchumainn, agus tuarastal maith agus dálaí maithe oibre a bheith acu, baineann an méid sin ní hamháin leis na ceardchumainn féin ach leis an tsochaí i gcoitinne, leis an daonlathas agus an chobhsaíocht shóisialta, agus le táirgiúlacht na gcuideachtaí freisin.

Mura dtabharfar treoir chuí agus maoiniúchán poiblí leordhóthanach, is féidir go rachaidh an comhaontú seo i muinín na gcodanna sin de thuarascáil agus clár iomaíochas Draghi is mó atá i bhfabhar na díriallála. D’fhéadfadh sé sin samhail shóisialta na hEorpa a chur i mbaol agus samhail iomaíochta dhíobhálach á cur chun cinn, ceann a spreagfadh sodar go grinneall ó thaobh tuarastail agus dálaí oibre de.

D’fhonn aghaidh a thabhairt ar an údar imní sin, tá comhdháil chomhpháirteach á heagrú ag Grúpa na nOibrithe in CESE agus Cónaidhm Eorpach na gCeardchumann ar bheartas tionsclaíoch na hEorpa maidir le poist ardcháilíochta, a reáchtálfar an 14 Feabhra in áitreabh CESE. Iarrtar ar gach dream ar spéis leo an t-ábhar seo an dáta a chur sa dialann agus páirt a ghlacadh sa phlé.

---



## Tá freagairt bheartais uile-Eorpach maidir leis an ngéarchéim tithíochta de dhíth ar an Aontas

***le Grúpa Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta in CESE***

**Tríd an digitiú a mhéadú i dtionscail na tógála agus na tithíochta agus trí ról a thabhairt do ghníomhaithe an gheilleagair shóisialta i seirbhísí soláthair tithíochta, is féidir dul i ngleic leis na dúshláin atá ann faoi láthair maidir le hinacmhainneacht agus inbhuanaitheacht tithíochta san Eoraip. Ós rud é nach riachtanas amháin í an tithíocht ach gur ceart daonna í freisin, tá gá le freagairt uile-Eorpach ar na dúshláin éagsúla, de réir comhdháil a tionóladh le déanaí in CESE.**

An 21 Samhain, d’eagraigh Grúpa Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta in CESE an chomhdháil Protecting Europe’s most vulnerable through sustainable and affordable housing, comhdháil ina rinneadh plé ar an gcaoi a bhféadfadh an tAontas agus na Ballstáit dálaí tithíochta ar fud na hEorpa a dhéanamh níos cuimsithí, níos inacmhainne agus níos inbhuanaithe.

Chuir **Séamus Boland**, cathaoirleach Ghrúpa Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta, i bhfios go láidir gur ceart daonna é rochtain a bheith ag an duine ar thithíocht leordhóthanach agus go dteastaíonn cur chuige uile-Eorpach ina leith. Leag sé béim ar an nasc idir praghsanna tithíochta a mhéadú agus leibhéil na bochtaineachta, agus chuir sé in iúl go bhfuil soláthar tithíochta inacmhainne agus inbhuanaithe ríthábhachtach chun an bhochtaineacht a dhíothú.

Maidir le straitéis frithbhochtaineachta an Aontais agus Plean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne, plean a mhol Uachtarán toghaí an Choimisiúin Eorpaigh, chuir Séamus Boland i bhfios go láidir freisin gur cheart go mbeidís mar chuid de chur chuige beartais trasearnála chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht. Ní mór eagraíochtaí na sochaí sibhialta a bheith rannpháirteach sa chur chuige sin feadh an phróisis iomláin a bhainfidh le réitigh a dhearadh, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu. Ní mór scrúdú a dhéanamh ar thithíocht inbhuanaithe ó dhearcadh níos leithne lena gcuimsítear éifeachtúlacht acmhainní, ciorclaíocht, athléimneacht, oiriúnú agus inrochtaineacht eacnamaíoch.

Cuireadh i láthair ag an ócáid freisin an staidéar nua ó CESE ar thithíocht inbhuanaithe inacmhainne san Aontas Eorpach, arna choimisiúnú ag Grúpa Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta. Scrúdaítear sa staidéar sin réitigh bheartais chun tithíocht inacmhainne agus inbhuanaithe a chur ar fáil ar fud an Aontais. Fíosraítear ann dá threocht ar leith atá ag teacht chun cinn, is iad sin, an digitiú agus ról a thabhairt do ghníomhaithe

an gheilleagair shóisialta i soláthar tithíochta. Scrúdaítear sa staidéar tionscnaimh nuálacha i sé bhallstát, agus déantar measúnú ar a n-acmhainneacht le haghaidh cur i bhfeidhm níos leithne ar fud na hEorpa.

Is féidir leat tuilleadh a fhoghlaim faoi **mholtaí beartais meántéarmacha agus fadtéarmacha staidéar CESE** anseo.

Is féidir leat féachaint freisin ar chonclúidí agus ar mholtaí na comhdhála.

# BÉIM AR LEITH AR AN IMIRCE




## Tá sé léirithe ag an bhFóram Eorpach um Imirce an chaoi ar féidir leis an tsochaí shibhialta cabhrú le cuspóirí an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann a chur chun feidhme

**Ag an 9ú Fóram Eorpach um Imirce a d’eagraigh Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) agus Ard-Stiúrthóireacht um Imirce agus Gnóthaí Baile an Choimisiúin Eorpaigh, díríodh ar an gcaoi ar féidir leis an tsochaí shibhialta ról lárnach a bheith aici i gcur chun feidhme an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann atá ar na bacáin, agus leagadh béim san am céanna ar an obair a dhéanann eagraíochtaí na sochaí sibhialta ar an láthair.**

San Fhóram Eorpach um Imirce, a tionóladh sa Bhruiséil ag deireadh mhí na Samhna, tarraingíodh aird ar an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann a tháinig i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2024. Rinne na rannpháirtithe iniúchadh ar an gcaoi a gcuirfear chun feidhme é amach anseo agus ar an gcaoi ar féidir leis an tsochaí shibhialta tacú leis an gcomhshocrú agus é a chur i bhfeidhm ar bhealach daonnúil. Le linn na himeachta freisin, caitheadh súil níos géire ar an mbuansásra nua dlúthpháirtíochta, ar naisc níos dlúithe a chruthú idir nósanna imeachta tearmainn agus nósanna imeachta um fhilleadh, ar dhálaí glactha leormhaithe a áirithiú agus ar an bPlean Gníomhaíochta um Imeascadh agus Cuimsiú 2021-2027.

Agus í ag cur tús leis an seisiún oscailte, dúirt an Coimisinéir Eorpach um Ghnóthaí Baile atá ag dul as oifig, **Ylva Johansson**, gur dhíol sásaimh di deis labhartha a bheith aici ag an bhFóram Eorpach um Imirce mar cheann de na dualgais phoiblí dheireanacha a bheadh uirthi ina cáil mar Choimisinéir. Dúirt sí gur ardán ríthábhachtach é an Fóram sin d’eagraíochtaí na sochaí sibhialta, do Bhallstáit an Aontais agus do lucht déanta beartas chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le bainistiú imirce agus chun na deiseanna lena mbaineann a thapú freisin. Foinse inspioráide a bhí sna díospóireachtaí ar fad thar na blianta, a dúirt sí. Dúirt sí freisin gur féidir linn, i dteannta a chéile, pobail níos láidre agus níos athléimní a thógáil, seasamh lenár luachanna agus a chinntiú go leanfaidh an Eoraip de dhídean agus deiseanna a chur

ar fáil do dhaoine.

Ghabh Uachtarán CESE, **Oliver Röpke**, buíochas leis an gCoimisinéir Johansson as a tiomantas chun beartas imirce an Aontais a athchóiriú. Dúirt seisean nach mór dúinn a áirithiú go ndéanfar an comhshocrú maidir le himirce a chur chun feidhme ar an mbealach is daonnúla agus is inbhuanaithe is féidir agus gurb é an t-aon bhealach ar féidir an méid sin a dhéanamh ná trí éisteacht le heagraíochtaí na sochaí sibhialta ar an láthair. Chuir sé ina luí gaidhte gur tús maith a bhí i nglacadh an chomhshocraithe ach gur fada an bealach atá romhainn fós agus formhór na hoibre fós le déanamh.

Bunaíodh an Fóram Eorpach um Imirce in 2015 mar ardán don idirphlé idir an tsochaí shibhialta, na hinstitiúidí agus na húdaráis faoi shaincheisteanna a bhaineann leis an imirce agus lánpháirtiú náisiúnach tríú tír. Tagann siad le chéile uair sa bhliain chun na forbairtí beartais is déanaí a phlé agus chun faisnéis a bhailiú agus a mhalartú maidir leis an gcaoi a gcuirtear beartais Eorpacha chun feidhme ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal áitiúil agus ar leibhéal an phobail.

Gach bliain, dírítear san fhóram ar théamaí éagsúla, a roghnaítear ar bhonn an ionchuir a chuireann eagraíochtaí na sochaí sibhialta ar fáil le linn próisis chomhairliúcháin a dhéantar sna míonna roimh an imeacht. Go dtí seo, rinneadh plé ar bhealaí sábháilte imirce, ar rochtain imirceach ar chearta agus seirbhísí agus ar an Aontas, ar mhargadh saothair na hEorpa atá níos cuimsithí d’imircigh, ar an ról atá ag daoine óga agus ar ábhair eile nach iad.

Tá tuairimí tábhachtacha glactha cheana féin ag CESE maidir le mórthéamaí a bhaineann leis an imirce agus an tearmann, lena n-áirítear na tuairimí seo a leanas: An Comhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann, An rialachán maidir le tearmann agus imirce, Pacáiste an Aontais Slándála/Pacáiste Schengen, agus Plean Gníomhaíochta maidir le Lánpháirtiú agus Cuimsiú 2021-2027. Bhunaigh CESE an Buanghrúpa um Inimirce agus Lánpháirtíocht in 2009 freisin, rud a chabhraíonn le léiriú soiléir a thabhairt ar ról CESE mar éascaitheoir idir an tsochaí shibhialta agus institiúidí an Aontais maidir le saincheisteanna imirce, agus iarracht á déanamh san am céanna forbairt comhbheartais Eorpaigh maidir le hinimirce agus lánpháirtiú a chur chun cinn. (lm)



Photo from 'The Jungle' project: Trench foot, a fungal infection that affects the feet, is one of the most common health problems among refugees attempting to cross the Bia?owie?a Forest (October 2022). Copyright: Hanna Jarzabek

## ‘An dufair’

**Is grianghrafadóir faisnéise Spáinneach-Polannach í Hanna Jarzabek. Is ainmní í freisin do Dhuais na hIriseoireachta Iniúchta 2024, a bhfuil léargas gruama á thabhairt aici ar an staid ag an teorainn idir an Pholainn agus an Bhealarúis, áit ina bhfuil na mílte dídeanaithe ag iarraidh foraois Białowieża, ar a dtugtar ‘an dufair’, a thrasnú.**

**Le Hanna Jarzabek**

Ó mhí na Samhna 2021 i leith, rinne na mílte dídeanaithe, as tíortha an Mheánoirthir agus na hAfraice go príomha, iarracht foraois Białowieża a thrasnú, arb í an t-aon óghfhoraois atá fágtha san Eoraip, atá suite feadh na teorann idir an Pholainn agus an Bhealarúis. Is áit chontúirteach í an fhoraois ar deacair í a thrasnú, ar a dtugann roinnt dídeanaithe an leasainm ‘an dufair’, go háirithe na daoine sin nach bhfuil cur amach acu ar aeráid chrua oirthuaisceart na hEorpa. Bíonn roinnt mhaith dídeanaithe sáinnithe san fhoraois ar feadh tréimhsí fada ama, áit a mbíonn orthu aghaidh a thabhairt ar dhálaí foircneacha amhail easpa bia agus uisce, agus riosca ard hipiteirme agus báis i rith an gheimhridh. Má ghabhann gardaí teorann iad, is iondúil go gcuirtear iallach ar na dídeanaithe sin trasnú siar thar an teorainn, rud a fhágann go bhfágtar iad sna coillte ar thaobh na Bealarúise, go minic san oíche agus gan aon fhinnéithe a bheith i láthair. Chun cumarsáid leis an domhan lasmuigh a chosc, scriostar a bhfóin phóca. Tarlaíonn na fillteacha éigeantacha sin, ar a dtugtar ‘brú siar’, fiú i ndálaí foircneacha, agus ní dhéantar aon eisceachtaí do mhná torracha ná do dhaoine aonair atá ar tí hipiteirme. Díbrítear na daoine sin fós chuig críoch na Bealarúise. Chuir cuid de na dídeanaithe iúl go ndearna an brú siar seo orthu arís agus arís eile, suas le 17 n-uaire fiú, i gcásanna áirithe.

Thóg rialtas na Polainne a bhí ann roimhe seo balla teorann ar a raibh sreang rásúir agus a treisíodh ag an mbonn. Cosúil le bacainní den chineál céanna in áiteanna eile, ní chuireann sé bac ar dhaoine iarracht a dhéanamh teacht isteach san Eoraip. Ina ionad sin, cuireann sé iad i mbaol gortuithe tromchúiseacha eile. Tá gaistí ceamara suiteáilte ag gardaí teorann san fhoraois freisin chun gluaiseachtaí dídeanaithe agus

oibrithe cúnaimh a bhrath. Gan campaí dídeanaithe, bíonn ar dhídeanaithe dul i bhfolach san fhoraois chun brú siar go dtí an Bhealarúis a sheachaint. Cuireann an láithreacht mhíleata atá ag dul i méid bac ar rochtain ar chabhair dhaonnúil.

Ón tús, bhí dúshláin shuntasacha le sárú agus cabhair dhaonnúil á cur ar fáil ag an teorainn seo. Tar éis don rialtas a bhí i bhfad amach ar an eite dheis a chumhacht a chailleadh i mí Dheireadh Fómhair 2023, tháinig dóchas chun cinn go n-athrófaí an beartas imirce, ach tá foréigean, brú siar agus rochtain theoranta ar chúram leighis ann go fóill. Faoi láthair, níl ach triúr oibrithe páirtaimseartha de chuid Médecins Sans Frontières ann a chuireann cúram leighis ar fáil feadh na teorann atá 400 ciliméadar ar fad. Níl bonn buan ag an eagraíocht, murab ionann agus réigiúin teorann eile a bhfuil sreafaí imirce comhchosúla iontu. Bíonn orthu dul i ngleic le coinníollacha deacra, agus is minic a chuireann siad cabhair ar fáil sa dorchadas agus gan an trealamh ceart chun diagnóis chruinn a dhéanamh. Cuireann siad a gcóireáil in oiriúint do dhálaí na foraoise, mar shampla insiltí infhéitheacha a thabhairt san oíche nó aire leighis phráinneach a thabhairt i gcásanna tromchúiseacha, amhail breith anabaí.

Ó tógadh an balla, ní hamháin go mbíonn ar na daoine sin aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna sláinte. Bíonn orthu cóireáil a chur ar bhristeacha freisin, mar go dtiteann daoine atá ag iarraidh dreapadh thar an mballa ó airde suas le 5 mhéadar. I gcás cuid de na bristeacha sin, tá gá le hobráidí casta agus teastaíonn na míonna chun go mbeidh an cnámh cneasaithe i gceart. Sna cásanna seo, agus i gcásanna hipiteirme, is é an t-aon réiteach ná otharcharr a ghlaoch, cé go bhfuil na hoibrithe sin ar an eolas go ndéanfaidh na gardaí teorann an duine a ghabháil agus go gcoimeádfaidh siad súil air le linn an tseala san ospidéal. Tar éis an duine a scaoileadh amach as an ospidéal, cinneann na gardaí teorann, bunaithe ar a gcritéir féin, ar cheart an duine sin a sheoladh chuig ionad dúnta d'eachtrannaigh nó chuig ionad oscailte. De réir an méid a dúirt roinnt de na daoine a chuir mé faoi agallamh, bhí cásanna ann ina ndearna na gardaí teorann roinnt dídeanaithe, tar éis dóibh a seal san ospidéal a chríochnú, a iompar ar ais go dtí an fhoraois agus a bhrú ar ais go dtí taobh na Bealarúise. Ar an gcaoi sin, thosaigh an scéal arís ón tús.

Le míonna beaga anuas, tá méadú seasta tagtha ar líon na saighdiúirí atá lonnaithe ag an teorainn idir an Pholainn agus an Bhealarúis, rud a léiríonn an teannas atá ag dul i méid sa réigiún. I mí an Mheithimh 2024, sháigh imirceach ag an teorainn saighdiúir Polannach, a fuair bás ina dhiaidh sin. Mar fhreagra air sin, threisigh an rialtas nua a fheachtas frith-imirce agus thug sé isteach dlí a cheadaíonn do shaighdiúirí airm a úsáid aon uair a mheasann siad go bhfuil gá leis, gan cuntasacht a bheith acu as a gcuid gníomhartha. Is cúis mhór imní é an cinneadh sin, go háirithe i bhfianaise na n-eachtraí scanrúla a tharla roimhe seo inar úsáideach forneart. Mar shampla, i mí Dheireadh Fómhair 2023, lámhachadh dídeanaí Siriach sa droim i lár an lae ghil, agus gortaíodh go dona é. Ar an gcaoi chéanna, i mí na Samhna 2023, thuairiscigh oibrithe daonnúla deonacha gur lámhach gardaí teorann ina dtreo gan rabhadh a thabhairt roimh ré, nuair a bhí iarracht á déanamh acu cabhair a chur ar fáil. Leis an dlí nua, tá baol ann ní hamháin go ndéanfar cleachtais chontúirteacha den sórt sin a normalú, ach go gcruthófar timpeallacht níos baolaí fós maidir le saoirse ó phionós, rud a chuirfeadh dídeanaithe agus oibrithe daonnúla i mbaol níos mó. Trí chumhacht neamhrialaithe a thabhairt do shaighdiúirí, baineann an beartas sin an bonn de chearta an duine agus d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le géarú ar an bhforéigean i limistéar teorann atá éagobhsaí cheana féin.

Féachann Donald Tusk le híomhá a léiriú go bhfuil sé níos oscailte agus níos feasaí faoi chearta an duine, ach leanann a rialtas de bhuanú a dhéanamh ar insint an riaracháin a bhí ann roimhe seo. Leanann sé d'imircigh ag an teorainn seo a léiriú mar bhagairt do shochaí na Polainne, iad a dhídhaonnú agus iad a lipéadú mar sceimhlitheoirí nó mar choirpigh. Rinne an rialtas roimhe seo iarracht oibrithe cúnaimh a léiriú mar chomhchoirithe i ngáinneáil ar dhaoine, coir a ngabhann tréimhse príosúnachta suas le hocht mbliana mar

phionós leis. Is cosúil go leanfaidh an beartas seo ar aghaidh faoi rialtas Donald Tusk. An 28 Eanáir 2025, cuirfear cúigear oibrithe daonnúla deonacha a chuidigh le teaghlach ón Iaráic agus le duine ón Éigipt in 2022 ar a dtriail. Tá baol ann go ngearrfar an pionós géar céanna orthu.

Ina theannta sin, is beag dóchas is féidir a bhaint as an mbeartas imirce a fógraíodh le déanaí (Deireadh Fómhair 2024). Tugadh isteach crios maolánach i mí Iúil den bhliain seo caite, agus tá an crios sin fós i bhfeidhm. Cuireann sé srian mór ar an rochtain atá ag eagraíochtaí daonnúla, lena n-áirítear Médecins Sans Frontières, agus ag iriseoirí. I ngeall air sin, cuirtear bac ar chúnamh a chur ar fáil do dhídeanaithe agus ar sháruithe ar chearta an duine ag údaráis na Polainne a dhoiciméadú.

Is é an ghné is conspóidí den bheartas sin, áfach, an plean chun an ceart chun tearmainn a chur ar fionraí ag an teorainn sin, beart a thagann salach go follasach ar chearta bunúsacha an duine a aithnítear ar fud na hEorpa. Ina theannta sin, beidh impleachtaí forleathana ag an mbeartas sin don phobal áitiúil i réigiún na teorann, cé gur forbraíodh é gan aon chomhairliúchán a dhéanamh roimh ré leis an bpobal sin ná le heagraíochtaí daonnúla. Tá léargas ríthábhachtach faighte ag na heagraíochtaí sin freisin, atá ag obair gan stad gan staonadh chun cabhair a chur ar fáil, ar staid agus ar riachtanais na ndídeanaithe atá ag iarraidh an teorainn a thrasnú, agus ar na dúshláin atá rompu. Ní hamháin go mbaintear an bonn d'iarrachtaí daonnúla trí neamhaird a thabhairt ar léargas den sórt sin, ach tá baol ann freisin go gcuirfí le staid atá tubaisteach cheana féin.

*Rinneadh an tuarascáil imscrúdaitheach seo le tacaíocht ó dheontas ón gciste um Iriseoireacht Iniúchta don Eoraip (IJ4EU).*

*Is grianghrafadóir faisnéise Spáinneach-Polannach í Hanna Jarzabek atá lonnaithe i Maidrid, a bhfuil cúlra aici san Eolaíocht Pholaitiúil agus taithí aici mar anailísí polaitiúil do ghníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe. Díríonn a cuid oibre ar théamaí amhail an t-idirdhealú, an fhéiniúlacht inscne, an éagsúlacht ghnéasach agus sreafaí imirce feadh theorainneacha thoir an Aontais. Glacann sí cur chuige íogair agus measúil. Tá a cuid oibre foilsithe ag mórchuideachtaí meán, amhail El País agus Newsweek Japan. Cuireadh a cuid oibre ar taispeáint go hidirnáisiúnta agus tugadh aitheantas di leis an iliomad gradam. Mar shampla, ainmníodh í don ghradam 'Impact Award 2024' de chuid an tionscnaimh IJ4EU agus do Ghradam Leica Oskar Barnack 2023.*

**Grianghraf ón tionscadal 'The Jungle':**

Is ionfhabhtú fungasach a théann i bhfeidhm ar na cosa é cos mhorgach, ar cheann de na fadhbanna sláinte is coitianta é i measc dídeanaithe a dhéanann iarracht Foraois Białowieża a thrasnú (Deireadh Fómhair 2022).


Copyright: Robert Gašpert

# Unmarked graves at Europe's outer borders

**Barbara Matejčić, a freelance journalist from Croatia, has had the 'List of Refugee Deaths' - a record of people who tried to reach safety in the EU from 1993 to present day - printed out on her desk for a long time. This 'catalogue of refugee despair and the cruelty of Europe's border regime' has served as a reminder that she needs to do something about it. In 2024, she took part in a major award-winning cross-border journalism project that confirmed over 1 000 unmarked graves of migrants across Europe over the last decade. Her story *Unmarked monuments of EU's shame in Croatia and Bosnia* chronicles state-linked deaths along the treacherous Balkan route.**

**By Barbara Matejčić**

As I write this, on 13 January, in Zagreb, the odds are high that someone out there on the so-called Balkan route is dying. The temperatures are below freezing; the rivers are icy, swollen, and fast-flowing, and the mountains and forests are covered in snow. People have no other way to reach the European Union and ask for asylum, so they take high-risk routes. And they do not die 'only' because they drowned, fell fatally or froze to death. They also die because the police shoot at the boats in which they cross rivers, as happened to 20-year-old Arat Semiullah from Afghanistan, whose funeral prayer I attended in Bosnia and Herzegovina. They also die because the police refuse to respond to their repeated cries for help, as in the case of three minors from Egypt who froze to death in a Bulgarian forest in late 2024.

The root of my journalistic work on migrant deaths along the Balkan route lies in the 'List of Refugee Deaths' ,  compiled by UNITED, a European network of activists and non-governmental organisations. The list documents information from 1993 to the present, about who has died, where, when, how and under what circumstances, while trying to reach Europe or somewhere within Europe. Many of those on the list were refugees fleeing the wars in the former Yugoslav countries. Eleven-year-old Jasminka from Bosnia died in 1994 after her Roma family was set on fire in a refugee centre in Cologne. Lejla Ibrahimović from Bosnia took her own life on 4 December 1994 in Birmingham after the British Interior Ministry refused to grant a visa to her husband Safet. Many people on the list tragically died by suicide.

Many did so after their asylum applications were refused, or before they were due to be deported from the European country they had managed to reach or in protest of the long wait for their asylum requests to be resolved. In the summer of 1995, Todor Bogdanović from Yugoslavia was shot by French police in the mountains near the border with Italy. He was eight years old. Refugees from former Yugoslav countries crossed the borders with documents and received protection in European countries, similar to Ukrainian refugees since the war in Ukraine began. But even then, some could not cross the border legally and tried to reach safety in Western Europe by any means they could, just as non-European refugees have done over the past decade. We don't know about those deaths from the 1990s, just as we don’t know much about the ones happening today.

Twelve years ago, I printed out that list, and it has been sitting on my desk ever since as a reminder that I need to do something about it. For me, no photograph, no text, no documentary about refugees is as heart-wrenching as that bare list of dead people. Those densely written pages are a catalogue of refugee despair and the cruelty of Europe's border regime.

As a reporter, I have covered various aspects of migration, including illegal pushbacks and police violence, particularly by the Croatian police, over the past decade. I started focusing on deaths in 2023. I toured cemeteries with activists in Croatia and Bosnia and Herzegovina, sent hundreds of inquiries to state bodies, spoke to the loved ones of the deceased. It is the activists, not the police, that migrants call when their life is in danger. It is the activists who help relatives find those who have disappeared after losing contact with them. It is activists who try to identify the dead, and put up permanent gravestones. This network of compassionate people does the work that should be done by institutions.

The text *Unmarked monuments of EU's shame in Croatia and Bosnia* is part of what I published, and it was created as part of an international journalistic investigation into migrant deaths at the external borders of the European Union, which I conducted together with colleagues from Greece, Italy, Spain, and Poland. The series titled *1000 Lives, 0 Names: The Border Graves Investigation* won the 2024 Special Award European Press Prize and Investigative Journalism for EU Impact Award (IJ4EU).

*Based in Zagreb, Croatia, Barbara Matejčić is an award-wining freelance journalist, non-fiction writer, editor, researcher and audio producer focused on social affairs and human rights in the Balkan region. She has won several awards, including the Investigative Journalism for Europe award (2024) and the European Press Prize (2024). The Croatian Journalists' Association named her best print journalist in Croatia for her features about post-war societies in Croatia and Bosnia and Herzegovina. She writes for Croatian and international media and produces multimedia projects. She lectures in Journalism Studies at the University of VERN in Zagreb. You can find out more about Barbara's work at* ***barbaramatejcic.com***

---



Copyright: UNHCR

## Níor cheart do thíortha an Aontais iallach a chur ar dhídeanaithe ón tSiria filleadh le linn éagobhsaíocht leanúnach

**Tá UNHCR, Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe, réidh chun tacú le Siriaigh a mheasann go bhfuil sé sábháilte filleadh ar a mbaile. Mar sin féin, i gcás gach duine eile, ní mholann sé filleadh ar thír atá ag streachailt le héiginnteacht pholaitiúil agus le ceann de na géarchéimeanna daonnúla is measa ar domhan, tír a bhfuil suas le 90 % den daonra ina gcónaí faoi bhun thairseach na bochtaineachta (Jean-Nicolas Beuze, ionadaí ó UNHCR).**

**Le Jean-Nicolas Beuze**

Agus tírdhreach polaitiúil na Siria ag athrú go tapa tar éis threascairt an Uachtaráin Bashar al-Assad, tá an díospóireacht maidir leis an bpobal dídeanaithe is mó ar domhan i lár an aonaigh ar fud na hEorpa.

Tá méadú ag teacht ar líon na mBallstát a bhfuil stop á chur acu le cinntí maidir le hiarratais ar thearmann náisiúnaigh na Siria, agus tá roinnt tionscnamh fógartha acu, lena n-áirítear cairteitiltí agus dreasachtaí airgeadais nó 'bónais fillte' chun dídeanaithe a spreagadh le dul abhaile. Tuairiscítear go bhfuil sé beartaithe ag roinnt Ballstát Siriaigh atá ar a gcríoch faoi láthair a dhíbirt, gan beann ar a stádas tearmainn, fiú.

Ionas go ndéanfaidh Ballstáit an Aontais cinntí eolasacha maidir le tearmann, ní mór dóibh a mheas an tír í an tSiria atá sábháilte go leor chun go mbeidh muintir na Siria atá ina gcónaí san Eoraip faoi láthair in ann filleadh uirthi. I bhfianaise na staide atá ag athrú go tapa ar an talamh, ní féidir breithiúnais chinntitheacha a dhéanamh maidir le sábháilteacht ag an am seo. Tá éiginnteacht ann i gcónaí maidir le cúrsaí slándála sa tSiria. Tá an staid sa tír idir dhá cheann na meá – d'fhéadfadh an tsíocháin agus an athmhuintearas an lámh in uachtar a fháil, ach, ag an am céanna, tá baol ann go mbeadh tuilleadh foréigin ann.

Ní mór do na milliúin dídeanaithe ón tSiria, a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den tír, dul i ngleic leis an méid a chiallaíonn an staid atá ag teacht chun cinn ina dtír dhúchais dá dtodhchaí féin. Tá na ceisteanna seo a leanas á gcur acu orthu féin: An mbeidh mé sábháilte sa tSiria? An urramófar mo chearta? I gcás roinnt daoine, d'fhéadfadh an chosúlacht a bheith ar chúrsaí go mbeadh sé indéanta filleadh, ach i gcás daoine eile, tá imní mhór orthu fós.

Cad atá i ndán dóibh siúd ar de mhionlaigh eitneacha nó reiligiúnacha iad, a bhfuil tuairimí polaitiúla éagsúla acu nó a shainaithníonn mar chuid den phobal LGBTQ + sa tSiria sa lá atá inniu ann? Ní féidir freagra soiléir a thabhairt ar an gceist sin go fóill.

Ach i gcás na ndaoine sin a mheasann go bhfuil sé sábháilte filleadh, ní mór a mbreithiúnas a urramú, agus d'fhéadfaí tacú leo filleadh agus ath-imeascadh ina bpobail tionscnaimh. I gcás gach duine eile, áfach, molann UNHCR gan iallach a chur orthu filleadh mar gheall ar an éagobhsaíocht leanúnach agus an éiginnteacht pholaitiúil sa tír.

Dá gcuirfí iallach ar dhaoine filleadh ón Aontas Eorpach, shárófaí cearta mhuintir na Siria mar dhídeanaithe, rud a chuirfeadh iad i mbaol díobhála tromchúisí agus doleigheasta ar fhilleadh dóibh.

Mar gheall ar an bhforéigean armtha leanúnach i gcodanna éagsúla den tSiria, mar aon leis an éiginnteacht faoin gcaoi a dtabharfaidh na húdaráis nua aghaidh ar riachtanais an daonra, go háirithe riachtanais grúpaí leochaileacha, tá sé róluath do roinnt mhaith daoine smaoineamh ar fhilleadh. Tá sé tábhachtach meas a bheith againn ar a mbreithiúnas sa chás seo. Dá bhrí sin, ní mór do Bhallstáit an Aontais, mar aon le tíortha comharsanachta na Siria a bhfuil formhór na ndídeanaithe ón tSiria á n-óstáil acu le breis agus deich mbliana anuas, leanúint dá dtiomantas cosaint a chur ar fáil do mhuintir na Siria ar a gcríoch.

As an 1.1 milliún duine a easáitíodh go hinmheánach mar gheall ar an ngéarú ar an gcogaíocht ag deireadh mhí na Samhna, tá thart ar 627 000 duine easáitithe go fóill, ar mná agus leanaí 75 % díobh.

Tá rioscaí suntasacha ag baint le filleadh anabaí. Is rud é sin a d'fhéadfadh cur le timthriall an easáitithe laistigh den tSiria agus thar theorainneacha, rud a d'fhéadfadh cur leis an ngéarchéim ar deireadh.

Chomh maith leis an oll-easáitiú, ní mór don tSiria dul i ngleic le ceann de na géarchéimeanna daonnúla is measa ar domhan. Scriosadh codanna móra de bhonneagar na Siria sa choinbhleacht, lena n-áirítear

ospidéil, scoileanna agus tithíocht. Níl aon teach ag formhór na ndídeanaithe le filleadh orthu. Tá ganntanas bia, uisce ghlain agus cúraim leighis i roinnt mhaith réigiúin go fóill. Mar gheall ar an easpa seirbhísí bunúsacha, deiseanna eacnamaíocha agus sábháilteachta, ní mór do na daoine a chineann filleadh dul i ngleic le roinnt mhaith dúshláin chun a saol a chur ar ais le chéile ar bhealach inbhuanaithe díniteach. Tá 90 % de dhaonra na Siria ina gcónaí faoi bhun thairseach na bochtaineachta.

Le roinnt seachtainí anuas, tá méadú suntasach tagtha ar líon na Siriach atá ag filleadh go deonach ón Liobáin, ón Tuirc agus ón Iordáin. Léirítear le réamh-mheastacháin gur fiú an figiúr sin agus 125 000, nó thart ar 7 000 in aghaidh an lae. Cé gur roghanna aonair is cúis leis na fillteacha sin, tá UNHCR tiomanta do thacaíocht a thabhairt dóibh siúd a chinneann filleadh anois.

Cé go bhfuil machnamh á dhéanamh ag roinnt mhaith daoine ón tSiria a bhfuil cónaí orthu san Eoraip ar a shábháilte a bheadh sé filleadh agus ar na seirbhísí agus na deiseanna a bheadh ar fáil dóibh chun a saol a chur ar ais le chéile, is fada leo athaontú lena ngaolta freisin. Ar an gcúis sin, is mian le go leor daoine filleadh abhaile agus cuairteanna gearra a dhéanamh chun measúnú a dhéanamh ar an staid ar an láthair. Ní mór dóibh a bheith in ann é sin a dhéanamh gan eagla a bheith orthu go gcaillfidís a stádas dídeanaí san Eoraip. Tá na cuairteanna sin chun measúnú a dhéanamh ar an staid fíorthábhachtach chun go ndéanfaidh daoine cinntí eolasacha lena mbainfí amach torthaí níos fearr, lena n-áirítear filleadh sábháilte marthanach.

Ní mór a bheith foighneach agus airdeallach ós rud é go bhfuil muintir na Siria ag fanacht leis na dálaí cearta chun filleadh go sábháilte agus chun go n-éireoidh leo ath-imeascadh ina bpobail. Tá go leor daoine ón tSiria ag smaoineamh ar fhilleadh abhaile agus tá UNHCR réidh chun tacú leo. Tar éis dóibh blianta fada a chaitheamh mar dhaoine easáitithe, d’fhéadfadh sé gur deis é seo a raibh go leor díobh ag súil leis le fada chun deireadh a chur lena tréimhse mar dhídeanaithe agus glacadh le réiteach buan trí fhilleadh ar an tSiria. Sheas an tAontas Eorpach agus UNHCR leo le linn dóibh a bheith ar deoraíocht agus leanfaidh sé de bheith ag seasamh leo agus iad ag filleadh agus ag atógáil Siria nua.

*Is é Jean-Nicolas Beuze ionadaí UNHCR san Aontas Eorpach, sa Bheilg, in Éirinn, i Lucsamburg, san Ísiltír agus sa Phortaingéil. Bhí sé ina ionadaí roimhe seo san Iaráic, in Éimin agus i gCeanada. Tá breis agus 27 mbliana de thaithí aige ag obair do na Náisiúin Aontaithe ar an láthair agus sa cheanncheathrú i réimsí éagsúla amhail cearta an duine, an tsíochánaíocht agus cosaint leanaí.*


Copyright: Camille Le Coz

## Seans maith gur dian an tástáil ar thionscadal na hEorpa a bheidh i gcur chun feidhme an Chomhshocraithe nua maidir le hImirce agus Tearmann

**Glacadh an Comhshocrú i mí na Bealtaine 2024, agus is cloch mhíle stairiúil a bhí ann dar le lucht a mholta, ach is rud é Comhshocrú nua seo an Aontais maidir le hImirce agus Tearmann nach bhfuil cruthúnas ann fós i leith a chuid fiúntais. Is cinnte nach gan dua a éireoidh linn na dúshláin atá romhainn in 2025 a shárú. Tá éiginnteacht mhór ag roinnt leis an timpeallacht gheopholaitiúil atá ann faoi láthair. Beidh aird le tabhairt ar an mbunchastacht atá ag roinnt leis an gComhshocrú, sin agus ar an spriocdháta docht atá ann lena chur chun feidhme. Beidh nithe go leor le coinneáil i gcothromaíocht le chéile le linn na hoibre. Seo anailís le Camille Le Coz ón Institiúid Eorpach um Beartas Imirce (MPI Europe)**

Tá ceisteanna práinneacha ag teacht chun follais i dtús 2025 maidir le todhchaí na mbeartas imirce san Aontas Eorpach (AE). Tá bealach soiléir leagtha amach ag an gCoimisiún Eorpach nua leis an bplean atá aige a chur chun feidhme don Chomhshocrú nua maidir le hImirce agus Tearmann. Mar sin fein, tá an baol ann go mbeidh malairt fócais ann go polaitiúil, agus baol dá réir go ndéanfar cuid de na hacmhainní a atreorú de bhrí gur rud a bhíonn ag síorathrú atá in imthosca an scéil. Tá toghcháin ag teacht aníos sa Ghearmáin. Sin rud a chuir barr ar an éiginnteacht. Rud eile is cúis éiginnteacha an iarmhairt atá ar chliseadh réimeas Assad sa tSiria, sin agus a dhothuartha atá imeachtaí an chogaidh san Úcráin. Tá plé á dhéanamh ar cheist na samhlacha seachtraithe. Is minic gan san obair sin, áfach, ach ainliú polaitíocht ar mhaithe leis féin seachas rud is cuid de straitéis chomhtháite Eorpach. Idir an dá linn, tá an imirce fós á húsáid le haighneas a chothú ar teorainn na Polainne agus na Bealarúise, agus is rud é an neamhaird ar dhlí an Aontais atá ag éirí níos coitianta mar gheall ar an ionstraimiú sin. Is ríthábhachtach an bhliain atá romhainn: beidh le feiceáil an féidir leis an Aontas Eorpach cur chuige a chleachtadh arb é cothú na muiníne an toradh a bheidh air, cur chuige a fhágfaidh gur comhghníomhaíocht a bheidh á déanamh. Sin rud a bhfuil géarghá leis nó is tuilleadh den ilroinnt atá i ndán.

I mí na Bealtaine 2024, tar éis dhianchaibidlíocht na mblianta, dúirt go leor de lucht ceaptha beartas na hEorpa gur chloch mhíle stairiúil a bhí i nglacadh an Chomhshocraithe. Go gairid roimh thoghcháin na hEorpa, léirigh an comhaontú seo gur bua de chuid na mBallstát seasamh guaille le guaille agus dul i ngleic le cuid de na fadhbanna is dúshlánaí atá le réiteach acu. Cuid lárnach de spriocanna an Chomhshocraithe ab ea aghaidh a thabhairt ar an teannas idir freagracht agus dlúthpháirtíocht. Rud eile a bhí le leigheas an dearcadh úd gur géarchéim bhuan atá i ngéarchéim na himirce. Bhí an tríú fadhb ann: comhchuibhiú na neamhréireachtaí i nósanna imeachta tearmainn na mBallstát. Is fíor gur iomlánú ar an gcóras atá ann faoi láthair atá sa chreat nua thar aon ní eile. Mar sin féin, beidh bearta á ndéanamh dá bharr is déine ná na seanbhearta. Ina measc sin tá an scagadh córasach, nósanna imeachta feabhsaithe maidir le tearmann agus filleadh ag na teorainneacha, sin agus an díolmhú ó rialacha coiteanna le linn géarchéime. Rud eile a dtacaíonn an Comhshocrú leis neartú a dhéanamh ar an Eorpú. Gnéithe éigeantacha de sin atá sa

dlúthpháirtíocht, i ról feabhsaithe na n-institiúidí agus ghníomhaireachtaí an Aontais, mar aon le méadú ar an maoiniú agus ar an maoirseacht atá an Eoraip a dhéanamh.

Tá biseach ar chreidiúnacht an Aontais. Tharlódh, áfach, gur gearr a bheidh an sceal amhlaidh a mhéid a bhaineann an sceal le comhbhainistiú na himirce. Sin é is baol mura gcuire muintir na hEorpa na rialacha nua chun feidhme faoi mhí na Bealtaine 2026. Is dúshlán ar leith an sprioc-am docht sin arae is éard atá i ndán faoi scáth an Chomhshocraithe córas casta a bhunú, acmhainní a chur ar fáil, baill a earcú i gcomhair na foirne agus oiliúint a chur orthu. Is do na Ballstáit atá sa bhearna bhaoil is troime an dúshlán. Cé go bhfuil pleananna gníomhaíochta náisiúnta dréachtaithe ag na Ballstáit, is obair í sin a bhfuiltear dall ar a leath, agus tá easpa teachtaireachtaí polaitiúla ann. Tá an baol a bhaineann leis an mbearna sin ag dul i méid, ós rud é go bhfuil an stiúradh polaitiúil ríthábhachtach chun an chothromaíocht leochaileach a choinneáil ar leibhéal an Aontais.

Thairis sin, is gá comhghuaillíochtaí geallsealbhóirí a bhunú chun an córas nua a chur chun feidhme. Tá ról lárnach ag gníomhaireachtaí náisiúnta tearmainn leis na téacsanna casta reachtacha a thiontú ina gcreataí praiticiúla. Tá ról lárnach ag gníomhaireachtaí an Aontais sa phróiseas sin cheana – go háirithe Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann. Tá rannpháirtíocht na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha chomh tábhachtach céanna chun leas a bhaint as a gcuid saineolais agus chun rochtain ar chomhairleoireacht dhlíthiúil agus ar fhormhaoirseacht dhlíthiúil ar na nósanna imeachta nua a áirithiú, i measc nithe eile. Chun tacú leis na hiarrachtaí sin, tá gá le cur chuige níos comhoibríche, rud lena n-áirítear comhairliúcháin rialta, sásraí láidre comhroinnte faisnéise, agus tascfhórsaí oibríochtúla a thagann le chéile go rialta.

Idir an dá linn, tá aird mhór ar straitéisí seachtraithe, agus tá méadú ar líon na bpríomhchathracha Eorpacha a mheasann gur réiteach iad na straitéisí sin ar dhúshláin na himirce san Aontas. Is suaite an díospóireacht a bhí ann de bharr an chomhaontaithe idir an Iodáil agus an Albáin, díospóireacht faoi gach is acmhainn don Aontas a dhéanamh le feabhas a chur ar bhaintistiú na himirce measctha. Ó tharla sin amhlaidh, bhí aird ar leith ar Giorgia Meloni ar fud na hEorpa. Bíodh sin mar atá, is rud é nach raibh toradh fónta air fós. Níl ann ach comhaontú déthaobhach, comhaontú atá dúnta ar chomhpháirtithe Eorpacha eile dá mba mhian comaoin a chur ar an obair. Idir an dá linn, tá rialtais eile ann atá ag smaoineamh ar shamhlacha malartacha eile. Ina measc sin tá na moil fillte, mar aon le bealaí chun na moil sin a chomhtháthú i gcur chuige uile-Aontais.

Beidh ceist seo an fhillte i gceartlár na díospóireachta polaitiúla as seo go ceann tamall de mhíonna. Go deimhin, tá cuid den Chomhaontú ag brath ar luas an fhillte a fheabhsú, go háirithe i gcás daoine aonair atá faoi réir nósanna imeachta teorann i stáit túslíne. Tá an Coimisiún agus na Ballstáit ag féachaint le dul i ngleic leis an bpráinn sin agus spás a fhágáil san am céanna do mhoil phíolótacha um fhilleadh. I dtaca leis sin, tá súil sa Mharta le tograí chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir um Fhilleadh. Ó tharla brú ama ann, tá an baol ann nach ndéanfaidh muintir na hEorpa a machnamh go hiomlán ar na ceachtanna a foghlaimíodh ar láthair na háite, ainneoin an dul chun cinn atá déanta le deich mbliana anuas i réimsí éagsúla, an fhor-rochtain, an chomhairleoireacht, an tacaíocht don ath-lánpháirtiú, agus an fhoghlaim fhrithpháirteach ar leibhéal an Aontais. Ar a mhuin sin, ní mór don Eoraip a bheith san airdeall nach dochar don chaidreamh le tíortha tionscnaimh a dhéanfaidh tástáil na samhlacha seachtraithe, agus ní mór di a bheith san airdeall dá reir nach lagóidh sé an seasamh atá ag an Eoraip ar bhonn níos leithne.

Ní bréag a rá gurb é an siúl ar an tanaí é i dtimpeallacht atá thar a bheith éiginnte. Fágann sin gur tástáil atá i gcur chun feidhme an Chomhshocraithe ní hamháin do bhainistiú na himirce ach do thionscadal an Aontais

freisin sa chiall is leithne den fhocal. Is maith an léargas gach ata ag tarlú ag teorainn na Polainne faoi láthair, thar áit ar bith eile, ar na dúshláin shonracha atá le sárú má tá i ndán go n-urramófar na rialacha ceangailteacha bhrú ó thír chomharsanach eascairdiúil. Is léir ach féachaint ar chás na Siria agus na hÚcráine nach mór do phríomhchathracha na hEorpa a ullmhú i gcoinne teagmhais den chineál a thiocfaidh aniar aduaidh orthu. Sa bhliain atá romhainn, is ríthábhachtach ceannaireacht láidir a chothú ar leibhéal an Aontais chun rialacha nua a chur chun feidhme agus leanúint orainn ag féachaint nuálaíochtaí atá i gcomhréir le cur chuige comhpháirteach agus a neartaíonn an cur chuige sin. Is éard atá i gceist leis sin díriú ar thógáil na gcomhpháirtíochtaí athléimneacha le tíortha tosaíochta, sin agus deimhin a dhéanamh de nach ar an gcleasaíocht pholaitiúil a chaithfear na hacmhainní.

*Tá Camille Le Coz ina Stiúrthóir Comhlach leis an Migration Policy Institute Europe, institiúid taighde sa Bhruiséil atá ag iarraidh bainistíocht níos éifeachtaí a dhéanamh ar an inimirce, ar lánpháirtiú na n-inimirceach agus ar chórais tearmainn chomh maith le torthaí rathúla do dhaoine nua, do theaghlaigh de chúlra inimirce, agus do na pobail a bhíonn ag glacadh na n-imirceach.*



Copyright: Schotstek

# Schotstek: Comhdheiseanna agus éagsúlacht i bpoist bhainistíochta a chur chun cinn

**Níor cheart dúchas ná cúlra sóisialta a bheith ina mbacainní ar an rath riamh, dar le Evgi Sadegie, Stiúrthóir Bainistíochta Schotstek, eagraíocht atá lonnaithe in Hamburg agus i mBeirlín agus a chuireann comhionannas deiseanna agus éagsúlacht chultúrtha chun cinn sa saol gairmiúil. Is é is aidhm do chláir scoláireachta uathúla Schotstek tacú le daoine de bhunadh imirceach atá óg, cliste, uaillmhianach agus spreagtha agus iad ag dul leis an gceannaireacht sa taighde, sa ghnó agus sa tsochaí. Trí chuidiú leo líonraí láidre a thógáil agus na scileanna cearta a thabhairt dóibh, tugann Schotstek cumhacht do mhic léinn thréitheacha agus do ghairmithe óga barr a gcumais a bhaint amach.**

**Le Evgi Sadegie**

Is tír í an Ghearmáin a bhfuil éagsúlacht chultúrtha inti, ach is ar éigean a léirítear é seo ina ceannaireacht eacnamaíoch, eolaíoch, chultúrtha agus pholaitiúil ar chor ar bith. Is minic a bhíonn bacainní roimh dhaoine de bhunadh imirceach, rud a fhágann go gcuirtear leis na héagothromaíochtaí sóisialta, nach mbaintear leas as an acmhainneacht nuálaíochta agus go mbaintear an bonn ón gcomhtháthú sóisialta. Cuirtear bac ar dhul chun cinn gairme a lán daoine tréitheacha de dheasca claontachtaí, deiseanna éagothroma oideachais agus easpa eiseamláirí agus líonraí.

Bhunaigh Sigrid Berenberg agus cairde léi Schotstek in 2013. Is dlíodóir í Sigrid Berenberg, agus le blianta fada tá sí tiomanta do cheartas sóisialta agus don éagsúlacht a chur chun cinn. In éineacht le daoine eile a bhfuil an dearcadh céanna acu, bhunaigh sí Schotstek, rud a réitigh an bealach do phoist cheannaireachta do dhaoine óga de bhunadh imirceach a bhí cliste, uaillmhianach agus spreagtha. Tá mic léinn ardfheidhmíochta a bhfuil scoláireacht acu curtha chun cinn aici atá chun athruithe móra a ghríosadh sa saol seo, daoine a bheidh ina gceannródaithe agus ina gcinnteoirí amach anseo. Ar feadh blianta fada, bhí Sigrid Berenberg lánpháirteach i reáchtáil an chláir ar bhonn iomlán deonach.

Is cuideachta neamhbhrabúis é Schotstek a fhaigheann tacaíocht trí shíntiúis agus trí thionscnaimh chomhpháirteacha le cuideachtaí eile. Faigheann an clár tacaíocht láidir ó líonra comhpháirtithe, comhlachtaí comhairleacha agus cairde – ar cinnteoirí ardleibhéil iad sin uile ó raon leathan earnálacha agus cultúr. Is fiú a lua go háirithe gur fhreastail triúr den seachtar comhpháirtithe agus an stiúrthóir bainistíochta atá ann faoi láthair iad féin ar chlár Schotstek. Léiríonn sé sin an dóigh a dtugann Schotstek an fhreagracht arís agus arís eile do na daoine chumasacha a dtacaíonn sé leo agus, dá bharr sin, go bhfuil tionchar buan aige.

Tugann Schotstek tacaíocht uathúil do mhic léinn agus do ghairmithe óga trí dhá chlár chomhuaineacha a chur ar fáil. Glacann painéil le suas le 25 mhac léinn gach bliain in Hamburg, agus suas le 20 gairmí óg in Hamburg agus i mBeirlín. Tar éis clár éigeantach dhá bhliain, fanann rannpháirtithe sa líonra agus is féidir leo páirt a ghlacadh in imeachtaí.

Tá tógáil líonraí láidre i gcroílár Schotstek: níl rochtain ag mórán daoine óga de bhunadh imirceach ar na naisc ghairmiúla agus shóisialta is gá le haghaidh deiseanna gairme. Cuireann Schotstek iad i dteagmháil le alumni, le comhlachtaí comhairleacha agus le saineolaithe ón ngnó, ón eolaíocht, ón bpolaitíocht, ón gcultúr agus ón tsochaí. Le himeachtaí rialta amhail tráthnónta téama agus cainteanna a bhfuil daoine mór le rá iontu, cuirtear malartuithe chun cinn agus cuirtear lena dtuiscint ar chúrsaí an tsaoil. Cuireann na naisc sin deiseanna gairme ar fáil agus cruthaíonn siad pobal lena gceadaítear tacaíocht fhadtéarmach agus rath frithpháirteach. Tá ról lárnach ag alumni anois trína gcuid eolais agus líonraí a chomhroinnt, agus trí raon feidhme Schotstek a leathnú go leanúnach.

Cuireann Schotstek ceardlanna agus oiliúint ar fáil lena n-ullmhaítear rannpháirtithe go sonrach do phoist cheannaireachta. Neartaíonn an oiliúint na príomhinniúlachtaí amhail scileanna cumarsáide, an fhéinmhuinín agus an cheannaireacht. Faigheann rannpháirtithe tacaíocht phearsanta freisin a bhuí leis an meantóireacht. Cuirtear i dteagmháil iad le gairmithe agus bainisteoirí a bhfuil taithí acu agus atá in ann léargas luachmhar a thabhairt dóibh ar an saol gairmiúil, tacú leo a ngairmeacha a phleanáil agus cuidiú leo dul i ngleic le dúshláin ghairmiúla. Bíonn na meantóirí ina n-eiseamláirí a thugann uchtach do rannpháirtithe spriocanna gairmiúla a shaothrú agus bacainní a shárú.

Gné shonrach eile de chlár Schotstek is ea rannpháirtíocht chultúrtha a chur chun cinn. Tugann rannpháirtithe cuairt ar iarsmalanna, amharclanna, ceoldrámaí, dánlanna agus institiúidí cultúrtha eile. Cuireann sé sin le hoideachas cultúrtha, forbairt phearsanta agus aitheantas lena mbailte agus lena gcathracha baile. Neartaíonn an taithí sin dearcadh iad siúd a bhfuil scoláireacht acu agus cothaíonn sí muintearas.

Féachann Schotstek leis an éagsúlacht a chur chun cinn ar leibhéal na bainistíochta. Níor cheart dúchas ná cúlra sóisialta a bheith ina mbacainní ar an rath a thuilleadh. Ó bunaíodh é, tá tacaíocht tugtha ag Schotstek do na céadta daoine óga cheana féin, agus tá breis agus 240 rannpháirtí agus alumni gníomhach go fóill. Is iomaí duine acu atá páirteach sa Bhord Comhairleach Alumni cuir i gcás, nó atá ina n-ambasadóirí, ag tacú leis an obair ar na meáin shóisialta nó ag comhroinnt na taithí atá acu mar pháirtithe nó mar mheantóirí. Tá duine ar bith a raibh scoláireacht Schotstek aige nó aici fós ina chuid nó ina cuid bhuan den líonra – is múnla é sin a fhágann gur féidir an rath buan a bhaint amach. Léiríonn leathnú an chláir go Beirlín in 2023 gur féidir coincheap Schotstek a chur chun feidhme go rathúil i gcathracha eile.

Tá níos mó i gceist le Schotstek ná clár tacaíochta – is gluaiseacht é a léiríonn go han-mhaith an dóigh ar féidir an éagsúlacht ardfheidhmíochta a chur chun cinn go sonrach le go mbeidh sí infheicthe. Cruthaíonn Schotstek deiseanna de bhreis ar an rath aonair, agus is sampla é ar an dóigh ar féidir leis an nGearmáin leas iomlán a bhaint as na deiseanna atá inti mar thír inimirce. Trí dhaoine ardchumasacha a chur chun cinn agus trí bhacainní a bhaint, tá ról ríthábhachtach ag an gclár maidir le sochaí níos cothroime a sheasfaidh an aimsir a mhúnlú, rud atá riachtanach i saol atá domhandaithe.

*Is í Evgi Sadegie, a bhfuil M.A. aici i Stáidéar na Tuirce, Stiúrthóir Bainistíochta Schotstek gGmbH agus is alumna í féin de chohórt 2014. Roimh di dul i mbun an róil atá aici faoi láthair, bhí sí i gceannas ar an tionscadal meantóireachta 'Yoldaş' ag Fondúireacht Shibhialta Hamburg, a thacaíonn le leanaí ó theaghlaigh atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch agus a labhraíonn Tuircis. Ar an dóigh sin, chuir sí comhdheiseanna*

*chun cinn ar thaobh eile den réimse comhionannais, taobh eile atá tábhachtach chomh maith. Agus taithí fhairsing aici ar bhainistiú tionscadal, go háirithe i réimsí na meantóireachta agus an chomhair idirchultúrtha, tá páirt ghníomhach á glacadh aici i gcur chun cinn na héagsúlachta agus an lánpháirtithe sa tsochaí.*



Copyright: Almir Hoxhaj

# Cosc ar mhuintir na hAlbáine: Scéal imircigh amháin ar na dúshláin a bhí roimhe, na bealaí ar éirigh leis é féin a oiriúnú dá thír nua agus an misneach atá aige fós

**Labhraíonn Almir Hoxhaj, inimirceach Albánach a tháinig chun na Gréige, an Ghréigis anois ag leibhéal atá chomh maith lena mhháthairtheanga.** Tar éis níos mó ná 30 bliain caite aige sa Ghréig, mothaíonn sé ar a chompord sa tír, ach ní raibh sé éasca air a oiriúnú do shochaí na Gréige ina n-úsáidtear an focal 'Albánach' mar mhasla. **Seo a scéal féin.**

Rugadh i sráidbhaile bheag mé i gceantar Avlonas, áit a raibh cónaí orm go dtí go raibh mé dhá bhliain déag d'aois. Bhog mo theaghlach go Tirana, ach in 1997 rinne mé an cinneadh deacair dul sa tóir ar thodhchaí níos fearr agus bhog mé chun na Gréige. Rinne go leor daoine an taisteal sin ag an am sin, tar éis d'oscailt na dteorainneacha, chuaigh na mílte Albánach chun na Gréige agus sábháilteacht á lorg acu agus níl aon dabht go raibh sé ní b'éasca é sin a dhéanamh mar gheall ar na teorainneacha talún a roinneann an Albáin leis an nGréig. Thrasnaigh mé an teorainn ocht n-uaire déag ag siúl. Bhí eagla orm roimh an bhfarraige. Is cuimhin liom fiú an turas deiridh a thóg mé, turas a mhair cúig lá agus mé ar mo bhealach chuig Veroia, agus tart mór orm an t-am ar fad in ainneoin an bhaisteach a bheith ag titim gan stad. Faoi dheireadh bhí gloine iomlán uisce sa lámh agam ach níor leor é chun an tart uafásach a bhí orm a shásamh. Seo mar a thosaigh mo shaol sa Ghréig. Le gloine mór uisce sa lámh agam.

Chuir mé aithne ar an tír den chéad uair nuair a bhí mé 15 bliana d'aois, tráth a thrasnaigh mé an teorainn go rúnda den chéad uair le cairde. Níor rith sé linn fiú go raibh rud éigin mídhleathach á dhéanamh againn. Dá mbeinn in ann eitilt go chuig an nGréig, dhéanfainn sin. Bhí an Ghréig, agusan teanga, an mhiotaseolaíocht, agus an stair atá ag muintir na tíre an-tarraingteach dom. Sa samhradh d'oibrigh mé go dian, ionas go mbeinn in ann tacú le mo theaghlach. Bhain go leor dúshlán leis an mbogadh críochnúil a rinne mé chun na Gréige agus an éiginnteacht dhlíthiúil, an ciníochas agus fadhbanna maidir le chomhtháthú ina measc. Is cuimhin liom go soiléir eachtra amháin a tharla ag an tús. Agus mé anseo go mídhleathach, gan árachas agam, ní raibh an teanga ar eolas agam agus bhris mé fiacail de mo chuid fiacla. Ba é an t-aon rogha a bhí agam ach an fhiacail é a bhaint féin, é a tharraingt amach os comhair scátháin le greamaire a d'úsáid mé ag an obair. Bhí mo bhéal lán le fuil.

Ní raibh sé éasca dul in oiriúint do shochaí na Gréige ach oiread. Agus mé i m'imirceach den chéad ghlúin, mhothaigh mé gur eachtrannach amach is amach mé amhail is go raibh fuil sa bhéal i gcónaí agam. Ba go mídhleathach a raibh mé ag fanacht sa tír agus bhí eagla orm dul amach ag siúl nó i gcomhair caife. Bhí taithí agam ar an gciníochas i ngach áit, ar go leor bealaí éagsúla. Bagairt athair a leanbh beag go rachadh sé chun na hÁlbánaigh a fháil chun an leanbh féin a ithe más rud é nach raibh sé

ciúin. Diúltaíodh cead isteach dom i gcaiféanna, clubanna agus áiteanna eile, agus bhí comhartha ag cuid díobh, nuair a chuaigh mé ann den chéad uair, agus ‘Cosc ar mhuintir na hAlbáine’ scríofa orthu. Dúirt siad go raibh muid salach toisc gur ó réigiún éagsúil a tháinig muid. Is fearr an caidreamh idir na Gréagaigh agus na hAlbánaigh anois, cé go bhfuil steiréitíopaí fós ann. Úsáidtear an focal ‘Albánach’ sa Ghréig mar mhasla fiú. Bhí ciníochas ann, agus tá sé fós ann inniu, ach tá sé níos séimhe anois. Tá athrú tagtha ar an saol. Mar sin féin, tá ciníochas fós ann, rud a éiríonn níos casta fiú agus é measctha le deacrachtaí airgeadais agus easpa oideachais.

Tá na claontaí agus an t-idirdhealú fréamhaithe go domhain agus is minic a eascraíonn patrúin pholaitiúla agus shóisialta ollmhóra astu agus na nósana sin ag leathnú agus iad le feiceáil i bParlaimint na hEorpa fiú. Is údar mór bróin é sin! Cé gur tháinig feabhas ar an scéal, tá sé fós deacair i bhfírinne. Mar sin féin, tá dóchas ann do na glúine níos óige. Beidh seans níos fearr ag ár bpáistí go nglacfar go hiomlán leo. Is é seo an cás freisin i gcás m’iníon atá 12 bhliain d’aois.

Sa lá atá inniu ann, agus mé ag obair mar thógálaí, breathnaím siar agus is mothúcháin mheasctha a mhothaím. Ba ar bhonn laethúil a raibh orm dul i ngleic leis na deacrachtaí a bhain le hoiriúnú agus an easpa glactha sa tsochaí. Mar sin féin, ba trí na dúshláin sin a d’fhorbair mé tuiscint níos doimhne ar an saol agus ar thábhacht a ghabhann leis an gcomhtháthú.

Beidh an Albáin mar chuid díom go deo. Is cuimhin liom go maith na blianta a chaith mé ann i gcaitheamh an réimis cumannaigh. Tréimhse a bhí lán le paranóia, eagla, neamhshláine agus fíorbhochtaineachta. Le titim an réimis, tháinig faoiseamh orainn, ach freisin fadhbanna nua cosúil le dífhostaíocht agus an choireacht. Bhí tionchar ag an taithí sin orm agus d’fhoghlaim mé uaithi, go sonrach, d’fhoghlaim mé gur cheart dom a bheith buíoch as an gcobhsaíocht agus as an tsaoirse atá agam anseo.

Go pearsanta, mothaím mar go bhfuil nasc agam leis an nGréig. Cé go bhfuil mo chroí fós san Albáin, is anseo atá mo shaol ar fad. Tá mo chuid Gréigise chomh maith le mo scileanna i mo theanga dhúchais. Mar gheall ar mo thaithí, na chathanna a bhí romham chomh maith le mo chuid éachtaí, braithim ar mo chompord sa tír seo. Tá súil agam, le himeacht ama, go nglacfaidh muintir na Gréige go hiomlán linn, agus go n-admhóidh siad an méid a rannchuidímid leis an tsochaí anseo.

Is tástáil í an imirce atá lán le dúshláin, ach baineann deiseanna léi freisin agus, mar imirceach Albánach sa Ghréig, ní raibh aon bhealach ann go bhféadfainn í a sheachaint. Sin mo scéal iomlán agus é lán le dúshláin, oiriúnuithe agus dóchas.

Sna blianta amach romhainn, tá súil agam go leanfaidh de mo shaol anseo sa Ghréig, arb í mo bhaile anois í, agus an Albáin mar bhall comhionann den Aontas Eorpach. Sin í an tír dhúchais atá againn go léir anois.

*Tá **Almir Hoxhaj** 47 mbliana d’aois faoi láthair. Tá sé ina chónaí agus ag obair i Tripoli, baile beag ar leithinis Peloponnese, sa Ghréig. Tá iníon aige atá 12 bhliain d’aois. Is í Beirlín an chathair is fearr leis. Tá Gréigis scríofa agus labhartha líofa aige agus tá an leabhar ‘Scéal Réaltaí na Camhaoire’ [Το έπος των άστρων της Αυγής] ag an údar Albánach, Rudi Erebara, aistrithe go Gréigis aige. Bronnadh Duais Litríochta an Aontais Eorpaigh ar an leabhar in 2017 agus déantar cur síos ann ar thragóid mhuintir na hAlbáine sa 20ú haois.* Cé go dtagann an scéal chun cinn sa chéad roimhe sin, ar an drochuair tá bunbhrí an ollsmachtachais, an fhaisisteachais agus an neamhréasúnais fós ábhartha sa lá atá inniu ann, cé go bhfuil siad le feiceáil i bhfoirmeacha níos ‘nua-aimseartha’.

## Editors

Ewa Haczyk-Plumley (editor-in-chief)
Laura Lui (ll)

# Contributors to this issue

Christian Weger (cw)
Daniela Vincenti (dv)
Ewa Haczyk-Plumley (ehp)
Giorgia Battiato (gb)
Jasmin Kloetzing (jk)
Katerina Serifi (ks)
Laura Lui (ll)
Leonardo Pavan (lp)
Marco Pezzani (mp)
Margarita Gavanas (mg)
Margarida Reis (mr)
Millie Tsoumani (mt)
Pablo Ribera Paya (prp)
Thomas Kersten (tk)

# Coordination

Agata Berdys (ab)
Giorgia Battiato (gb)

# Address

European Economic and Social Committee
Jacques Delors Building,
99 Rue Belliard,
B-1040 Brussels, Belgium
Tel. (+32 2) 546.94.76
Email: eescinfo@eesc.europa.eu

EESC info is published nine times a year during EESC plenary sessions. EESC info is available in 24 languages
EESC info is not an official record of the EESC’s proceedings; for this, please refer to the Official Journal of the European Union or to the Committee’s other publications.
Reproduction permitted if EESC info is mentioned as the source and a link is sent to the editor.

01/2025